AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2022
COM(2022) 305 final

2022/0196 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2022) 257 final} - {SWD(2022) 169 final} - {SWD(2022) 170 final} - {SWD(2022) 171 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Is meascáin iad lotnaidicídí[1] de shubstaint ghníomhach amháin nó níos mó agus de chomhfhoirmligh amháin nó níos mó a úsáidtear go forleathan chun plandaí a chosaint trí orgánaigh dhíobhálacha a éaradh, a mhaolú nó a scriosadh. Úsáidtear iad den chuid is mó sa talmhaíocht ach freisin i limistéir uirbeacha ghlasa agus i limistéir uirbeacha ghlasa agus feadh na ngréasán iompair amhail bóithre agus iarnróid. Ós rud é gur féidir éifeachtaí díobhálacha a bheith ag lotnaidicídí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine, déantar dianrialú orthu ar leibhéal an Aontais. Chun críche an togra seo, úsáidfear an téarma 'lotnaidicídí' ar aon dul leis an téarma 'táirgí cosanta plandaí'.

Glacadh an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí (SUD)[2] in 2009 mar cheann de na gníomhaíochtaí leantacha i straitéis théamach an Choimisiúin maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[3]. Bhí ceangal ar na Ballstáit na forálacha náisiúnta lena dtrasuitear an SUD ina ndlí náisiúnta a thabhairt i bhfeidhm faoin 26 Samhain 2011. Mheas an Coimisiún gurbh iomchuí meastóireacht a dhéanamh ar SUD ina ndearnadh breithniú freisin ar na fadhbanna a sainaithníodh maidir lena chur chun feidhme, lena fhorfheidhmiú agus lena chur i bhfeidhm sna Ballstáit. Rinneadh an obair sin mar mheasúnú droim-le-droim, lena n-áirítear meastóireacht agus measúnú tionchair araon. Bhí an Coimisiún ag súil leis an measúnú a úsáid chun cabhrú le togra reachtach nua a thabhairt chun cinn chun SUD a athbhreithniú faoi R1 2022 mar a luaitear sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc'[4].

Tá laigí i gcur chun feidhme, i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú SUD faoi láthair. Tá aird tugtha ar na laigí sin sna hiniúchtaí a rinne an Coimisiún agus sna cuairteanna faisnéise a thug an Coimisiún ar na Ballstáit agus sna tuarascálacha cur chun feidhme trí na nithe seo a leanas:

(i) an Coimisiún;

(ii) an staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme SUD; agus

---

1 Áirítear táirgí cosanta plandaí agus bithicídí sa sainmhíniú dlíthiúil ar lotnaidicídí a leagtar síos in Airteagal 3(10) den Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe, ach ós rud é nár leathnaíodh raon feidhme na Treorach maidir le hÚsáid Inbhuanaithe go bithicídí, tá an togra seo srianta do tháirgí cosanta plandaí amháin.

2 Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71.)

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Straitéis théamach maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí', COM(2006) 373 final, Doiciméad 52006DC0372, www.eur-lex.europa.eu.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc"le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol', COM/2020/381 final.

(iii) tuarascáil le déanaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le táirgí cosanta plandaí. Ina theannta sin, is féidir breathnú ar na hábhair imní don tsochaí atá ag dul i méid maidir le húsáid lotnaidicídí san iliomad achainíocha, in dhá thionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh[5], agus i gceisteanna Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tsaincheist sin.

Léiríodh san aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí maidir le treochlár meastóireachta an Choimisiúin agus maidir leis an measúnú tionchair tosaigh easnaimh thromchúiseacha i gcur chun feidhme SUD i roinnt Ballstát. D'áitigh an t-aiseolas sin ar an gCoimisiún freisin rialacha níos déine a thabhairt isteach, mar shampla i bhfoirm rialacháin ar leibhéal an Aontais chun comhleanúnachas a mhéadú agus beartais níos éifeachtaí a thabhairt isteach i mBallstáit aonair. D'fhéadfadh comhchuibhiú na mbeartas náisiúnta maidir le húsáid lotnaidicídí cabhrú chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus saobhadh trádála idir na Ballstáit a laghdú.

Is cúis mhór imní do na saoránaigh é táirgeadh "sábháilte, inbhuanaithe, cóir, atá freagrach ó thaobh na haeráide de, agus ar phraghas réasúnta, agus prionsabail na hinbhuanaitheachta, an chomhshaoil, cosaint na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras a bhaint amach" agus tá sé mar chuid de na tograí a áirítear i dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa[6], a foilsíodh an 9 Bealtaine 2022. Iarrann na saoránaigh ar an Aontas "an bhithéagsúlacht, an tírdhreach agus na haigéin a chosaint agus a athbhunú, agus deireadh a chur leis an truailliú", agus 'bearta cinntitheacha a dhéanamh chun talmhaíocht atá níos éiceolaíochta agus níos dírithe ar an aeráid a chur chun cinn agus a ráthú'[7].

Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip[8], leagann straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc[9]' ón gCoimisiún béim ar an ngá atá le haistriú go córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Leagtar béim freisin sa straitéis idir an

---

5 D'iarr an tionscnamh rathúil 'Ban glyphosate and protect people and the environment from toxic pesticides [Cuirtear toirmeasc ar an ngliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha]' ar an gCoimisiún, faoina thríú aidhm, 'spriocanna éigeantacha uile-AE don laghdú ar úsáid lotnaidicídí a shocrú d'fhonn todhchaí gan lotnaidicídí a bhaint amach'. Ina fhreagra a glacadh an 12 Nollaig 2017, luaigh an Coimisiún go ndéanfadh sé athmheastóireacht ar an ngá atá le spriocanna éigeantacha uile-AE le haghaidh lotnaidicídí. Iarrann an tionscnamh Sábhálaimis na beacha agus na feirmeoirí!I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin ar an gCoimisiún gníomhartha dlí a mholadh chun lotnaidicídí sintéiseacha a chéimniú amach faoi 2035, chun bithéagsúlacht a athbhunú agus chun tacú le feirmeoirí le linn an aistrithe; tá os cionn 1 milliún ráiteas tacaíochta bailithe ag an tionscnamh faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tá na ráitis sin á bhfíorú ag údaráis na mBallstát faoi láthair.

6 *Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh*, Bealtaine 2022, Moladh 1, lch. 43. [6]Tionóladh an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa idir Aibreán 2021 agus Bealtaine 2022. Ba chleachtadh uathúil, faoi stiúir na saoránach, de dhaonlathas pléite ar an leibhéal uile-Eorpach a bhí ann, ina raibh na mílte saoránach Eorpach, chomh maith le gníomhaithe polaitiúla, comhpháirtithe sóisialta, ionadaithe ón tsochaí shibhialta agus príomhpháirtithe leasmhara páirteach ann.

7 *Ibid*., Moladh 2 lch. 44, and Moladh 30, lch. 72.

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip COM/2019/640 final. EUR-Lex - 52019DC0640 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc"le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol', COM/2020/381 final.

fheirm agus an forc ar an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar sheasamh na bhfeirmeoirí (atá ríthábhachtach chun an t-aistriú sin a bhainistiú) sa slabhra luacha. Moltar dhá sprioc shonracha chun úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus lotnaidicídí níos guaisí - agus an riosca a bhaineann leo - a laghdú faoi 2030. Is uirlis ríthábhachtach í rialáil an Aontais sa réimse sin chun na spriocanna a leagtar amach sa straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ a bhaint amach agus ba cheart, dá bhrí sin, í a neartú.

Mar a mhínítear sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis seo, agus an mheastóireacht tacaíochta á cur san áireamh, tá na ceithre chuspóir seo a leanas ag an togra.

- Is é an chéad chuspóir:
  - (i) úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo a laghdú, go háirithe na lotnaidicídí sin a bhfuil substaintí gníomhacha níos guaisí iontu;
  - (ii) cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na bainistíochta comhtháite lotnaidí (IPM) a mhéadú; agus
  - (iii) cur le húsáid roghanna malartacha nach bhfuil chomh guaiseach agus neamhcheimiceach ar lotnaidicídí ceimiceacha chun lotnaidí a rialú.
- Is é an dara cuspóir feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí faireacháin, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
  - (i) lotnaidicídí a leathadh, a úsáid agus an riosca a bhaineann leo; agus
  - (ii) faireachán sláinte agus comhshaoil. Áiritheofar leis sin go mbeidh creat níos fearr ann chun dul chun cinn a thomhas.
- Is é an tríú cuspóir cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú forálacha dlíthiúla a fheabhsú ar fud na mBallstát uile chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht beartais a fheabhsú.
- Is é an ceathrú cuspóir glacadh teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn, amhail feirmeoireacht bheacht (teicnící geoshuímh san áireamh), d’fhonn úsáid fhoriomlán lotnaidicídí agus an riosca a bhaineann leo a laghdú.

Dearbhaíodh sa mheastóireacht a rinneadh le déanaí ar SUD na deacrachtaí seanbhunaithe a sainaithníodh maidir lena chur i bhfeidhm, lena chur chun feidhme agus lena fhorfheidhmiú. I bhfianaise na ndeacrachtaí sin, is é is aidhm don togra seo le haghaidh rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí:

(i) úsáid lotnaidicídí a chur in ionad SUD; agus

(ii) ailíniú níos fearr le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéise ‘ón bhfeirm go dtí an forc’.

Is é is aidhm don togra seo na rioscaí agus na tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) spriocanna laghdaithe lotnaidicíde atá sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc’ a bhaint amach; agus

(ii) úsáid IPM agus roghanna eile ar lotnaidicídí ceimiceacha a chur chun cinn.

Is iomchuí rialachán chun a áirithiú go gcomhlíonfar an leibhéal uaillmhéine sa straitéis "feirm-go-forc" agus go réiteofar na fadhbanna a sainaithníodh le cur chun feidhme SUD trí rialacha soiléire agus aonfhoirmeacha a chur ar fáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach leis an gcuspóir atá ag Bheart Glas na hEorpa gur cheart go gcuideodh beartais uile an AE le caipiteal nádúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a athbhunú. Tá sé comhsheasmhach freisin le haidhmeanna na nithe seo a leanas:

(i) úsáid lotnaidicídí ceimiceacha – agus an riosca a bhaineann leo– a laghdú; agus

(ii) úsáid lotnaidicídí níos guaisí a laghdú.

Tá na haidhmeanna sin le fáil sna doiciméid seo a leanas:

(i) an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc';

(ii) an straitéis bhithéagsúlachta[10];

(iii) an plean gníomhaíochta saor ó thruailliú[11]; agus

(iv) an straitéis ithreach[12].

Tá an aidhm sin comhsheasmhach freisin le cuspóirí thionscnamh pailneoirí an Aontais[13], straitéis ceimiceán an Aontais[14] maidir le hinbhuanaitheacht agus creat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027[15] a bhaint amach.

Tá an togra comhsheasmhach freisin le spriocanna an Choimisiúin Eorpaigh go mbeadh ar a laghad 25 % de thalamh talmhaíochta an Aontais faoi fheirmeoireacht orgánach – agus méadú suntasach ar dhobharshaothrú orgánach – faoi 2030. Comhlánaíonn an togra tionscnaimh reatha eile freisin. Mar shampla, le Rialachán xxx/xxx maidir le staidreamh i ndáil le hionchuir talmhaíochta agus le haschuir na hearnála talmhaíochta [*tagairt don ghníomh glactha le cur isteach*], beidh an

---

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'EU biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives'', [Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 an Aontais An dúlra a chur ar ais inár saol], COM/2020/380 final.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: Truailliú Nialasach don Aer, d'Uisce agus don Ithir', COM(2021) 400 final.

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal'EU Soil Strategy for 2030 – Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate [Straitéis Ithreach an Aontais do 2030: – Sochar a bhaint as ithreacha sláintiúla do dhaoine, do bhia, don dúlra agus don aeráid] COM(2021) 699 final.

13 Tionscnamh Pailneoirí an Aontais – An Comhshaol – An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán an Aontais maidir le hInbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí] COM/2020/667 final.

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Creat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027 Sábháilteacht agus sláinte cheirde i saol oibre atá ag athrú*, COM/2021/323 final.

Coimisiún in ann tuilleadh sonraí a fhoilsiú maidir le díol agus úsáid lotnaidicídí arna miondealú de réir substaintí gníomhacha aonair. Mar chuid den phlean gníomhaíochta ‘ón bhfeirm go dtí an forc’, d’ullmhaigh an Coimisiún ceithre dhréacht-Rialachán maidir leis na ceanglais sonraí, na critéir formheasa agus na prionsabail mheastóireachta do shubstaintí gníomhacha ar miocrorgánaigh iad agus na táirgí cosanta plandaí ina bhfuil siad, agus é mar chuspóir aige rochtain ar an margadh a éascú do tháirgí malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha. Glacfar leis na téacsanna sin agus beidh siad infheidhme i bhfómhar na bliana 2022. Is é an cuspóir atá ann uirlisí a chur ar fáil d’fheirmeoirí chun dul in ionad táirgí ceimiceacha cosanta plandaí. Trí éascú a dhéanamh ar na táirgí bitheolaíocha cosanta plandaí sin a chur ar an margadh, beidh níos mó roghanna malartacha ar fáil d’fheirmeoirí – lena n-áirítear iad siúd a tháirgeann barra orgánacha – ar mhaithe le cosaint inbhuanaithe barr.

Tá an togra ábhartha freisin maidir leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas, mar a liostaítear iad in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), atá lonnaithe san Atlantach, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Indiach. I ngeall ar shrianta buana amhail a n-iargúltacht le mór-roinn an Aontais, oileánachas agus spleáchas ar bheagán táirgí agus risíocht an-ard ar an athrú aeráide, tá siad i dteideal bearta sonracha chun tacú lena bhforbairt shocheacnamaíoch. Mar a fhoráiltear freisin i straitéis bithéagsúlachta an Aontais do 2030, ba cheart béim ar leith a leagan ar éiceachórais na réigiún is forimeallaí a chosaint agus a athbhunú, i bhfianaise a luach bithéagsúlachta atá thar a bheith saibhir.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An comhbheartas talmhaíochta (CBT)

Faoin CBT nua[16] (atá le cur chun feidhme ón 1 Eanáir 2023), cabhrófar leis na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) gníomhaíochtaí a mhaoiniú i gcomhréir leis na spriocanna laghdaithe lotnaidicíde sa straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’; agus (ii) cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá na gnéithe ábhartha den SUD atá ann faoi láthair san áireamh cheana féin sa chóras coinníollachta faoin CBT. Áirítear ionstraimí éagsúla sa CBT nua freisin chun feirmeoireacht bheacht a chur chun cinn. Is féidir leis na Ballstáit éiciscéimeanna agus gealltanais chomhshaoil, aeráide agus bainistíochta eile a úsáid chun tacú le cleachtais feirmeoireachta bheachta a chur chun feidhme. Ina theannta sin, áirítear le CBT an fhéidearthacht infheistíochtaí a mhaoiniú, mar shampla i dtrealamh innealra, agus uirlisí bainistithe riosca chomh maith le tacaíocht chun eolas teicniúil a fhorbairt, amhail oiliúint, comhairle, comhar agus malartú eolais. Go sonrach, trí sheirbhísí comhairleacha feirme CBT, tá na Ballstáit le comhairle a chur ar fheirmeoirí maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, nuálaíocht, teicneolaíochtaí digiteacha, laghdú ar nochtadh do lotnaidicídí agus bainistiú inbhuanaithe

[16] 31 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

cothaitheach. Is féidir forbairt acmhainní le haghaidh feirmeoirí a ghlacadh agus a imlonnú go héifeachtach a threisiú freisin trí thacaíocht, comhar agus tríd an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach maidir le Táirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (EIP-AGRI). Ina theannta sin, ina bpleananna straitéiseacha CBT, tá na Ballstáit le míniú a thabhairt ar conas a úsáidfidh siad ionstraimí CBT chun riachtanais agus cuspóirí ábhartha a chomhlíonadh.

An beartas comhshaoil agus ceimiceán

Déanann an togra seo idirghníomhú le roinnt beartas comhshaoil agus gníomhartha reachtacha, mar shampla:

(i) spriocanna pleanáilte athchóirithe dúlra[17];

(ii) tionscnamh na bpailneoirí[18] chun aghaidh a thabhairt ar an meath atá ag teacht ar phailneoirí san Aontas agus chun cur le hiarrachtaí domhanda an chaomhnaithe;

(iii) liostaí na dtruailleán agus na gcaighdeán rialála sa Treoir maidir le Caighdeáin na Cáilíochta Comhshaoil[19] sa Treoir maidir le Screamhuisce[20] agus sa Treoir maidir le hUisce Óil[21].

Tá sé ríthábhachtach na cuspóirí atá leagtha amach i ndlíthe uisce an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, lena n-áirítear an Treoir Réime maidir le hUisce[22]. Tá nasc aige freisin leis na ceanglais maidir le caomhnú an dúlra sa Treoir um Ghnáthóga agus sa Treoir um Éin.

Beartas an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair

Comhlánaíonn an togra forálacha *acquis* ábhartha an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde, go háirithe Treoir Réime 89/391/CEE[23], Treoir 98/24/CE[24],

---

17 Spriocanna athchóirithe dúlra an Aontais (europa.eu).

18 Tionscnamh Pailneoirí an Aontais – An Comhshaol – An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

19 Treoir 2013/39/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 lena leasaítear Treoir 2000/60/CE agus Treoir 2008/105/CE maidir le substaintí tosaíochta i réimse an bheartais uisce (IO L 226, 24.8.2013, lch. 1).

20 Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

21 Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú) (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

22 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

23 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh, IO L 183, 29.6.1989, lch. 1.

24 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre, IO L 131, 5.5.1998, lch. 11.

Treoir 2004/37/CE[25], Treoir 2009/104/CE[26] agus Treoir 89/656/CEE[27]. Tá sé i gcomhréir le creat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027, lena ndírítear aird ar leith ar an ngá atá le hoiliúint a neartú chun scileanna agus feasacht feirmeoirí a mhéadú maidir leis na rialacha sláinte agus sábháilteachta ar fheirmeacha, lena n-áirítear substaintí ceimiceacha a úsáid go sábháilte, go háirithe táirgí cosanta plandaí.

Tionscnamh le haghaidh Córas Bia Inbhuanaithe an Aontais

Tá an togra seo ina chomhlánú ar an tionscnamh reachtach atá beartaithe maidir le creat do chóras bia inbhuanaithe, arb é is aidhm dó comhleanúnachas beartais a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, inbhuanaitheacht a phríomhshruthú i ngach beartas a bhaineann le bia agus athléimneacht chóras bia an Aontais a neartú. Tá an tionscnamh beartaithe seo bunaithe ar chur chuige cothrománach lena dtabharfar isteach cuspóirí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, sainmhínithe coiteanna, prionsabail ghinearálta mar aon le ceanglais do chóras bia inbhuanaithe don Aontas, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar fhreagrachtaí na ngníomhaithe uile sa chóras bia. I dteannta lipéadú maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta táirgí bia agus le dreasachtaí spriocdhírithe, ceadóidh an creat d'oibreoirí leas a bhaint as cleachtais inbhuanaithe agus áiritheoidh sé go mbeidh bia i margadh an AE agus oibríochtaí a bhaineann le bia níos inbhuanaithe de réir a chéile. Gníomhóidh forálacha an Rialacháin seo mar *lex specialis* i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach leis an tionscnamh atá beartaithe sa mhéid go n-áireofar forálacha níos sonraí i bhforálacha an Rialacháin seo a bhfuil an cuspóir, an cineál céanna agus an éifeacht chéanna acu i gcomparáid leis na forálacha atá le leagan síos sa tionscnamh atá beartaithe.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 192(1) den CFAE an bunús dlí le gníomhaíocht sa réimse seo, lena dtugtar cumhacht don Aontas Eorpach beart a dhéanamh chun cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus chun sláinte an duine a chosaint. Tá údar maith le gníomhaíocht an Aontais sa réimse seo i ngeall ar na saincheisteanna comhshaoil agus sláinte poiblí atá i gceist.

---

25 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghinigh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50), lch. 50.

26 Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na ceanglais íosta sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ag an obair (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 260, 3.10.2009, lch. 5.

27 Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na ceanglais íosta sláinte agus sábháilteachta d'úsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe ar an láthair oibre (an tríú treoir ar leith d'Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE), IO L 393, 30.12.1989, lch. 18.

- **Coimhdeacht**

  Chruthaigh SUD creat chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach. Bheadh leibhéil éagsúla cosanta sláinte agus an chomhshaoil ann mar thoradh ar neamh-chomhsheasmhacht leanúnach na mbeart a rinneadh sna Ballstáit mar aon le cur chun feidhme éagsúil/neamhiomlán SUD (mar atá leagtha amach sa mheastóireacht a ghabhann leis an togra seo). D'fhágfadh sé sin go mbeadh dálaí éagsúla ann do phríomhúsáideoirí lotnaidicídí, murab ionann agus cuspóirí na gConartha[28]. Is í an bhagairt ar bhithéagsúlacht agus ar éiceachórais a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a thrasnaíonn teorainneacha agus tá gá le gníomhaíocht láidir ar leibhéal an Aontais. Tá bac á chur ar chothrom iomaíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar na héagsúlachtaí atá ann faoi láthair sna leibhéil gníomhaíochta a dhéantar i mBallstáit éagsúla.

  Is féidir le gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais cur go héifeachtach le gníomhaíochtaí náisiúnta agus áitiúla maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí agus na gníomhaíochtaí sin a neartú. Tá príomhionstraimí eile ag an Aontas freisin i mbeartais talmhaíochta agus bia a bhfuil sineirgí acu leis na bearta a leagtar amach sa togra. I dteannta dreasachtaí agus bearta maolaithe riosca a d'fhéadfadh a bheith ann, táthar ag súil go bhféadfar an méid seo a leanas a dhéanamh trí ghníomhaíocht níos láidre ar leibhéal an Aontais maidir le lotnaidicídí (lena n-áirítear i gcomhar le beartais ghaolmhara amhail CBT):

  (i) cabhrú le héagsúlachtaí reatha sa chur chuige náisiúnta a laghdú; agus

  (ii) cur le cur chuige níos aonchineálach amach anseo.

  Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a shocrú leo féin: ciallaíonn fairsinge an ghnímh atá ag teastáil, is féidir na cuspóirí sin a chur i gcrích níos fearr ag leibhéal Aontais. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le gníomhaíocht aonfhoirmeach AE agus tá gá leis.

- **Comhréireacht**

  Comhlíonann an togra seo prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun an méid seo a leanas a áirithiú:

  (i) leibhéal iomchuí uaillmhéine; agus

  (ii) feabhas ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht beartais.

  Baintear an méid sin amach trí thorthaí na meastóireachta a ghabhann leis an togra seo a chur san áireamh. Déantar foráil sa togra maidir le sonraí feabhsaithe, agus maidir le faireachán/cur chun feidhme níos fearr a dhéanamh ar bhearta chun úsáid lotnaidicídí agus an riosca a bhaineann leo a laghdú.

  Maidir le spriocanna na mBallstát, seachnaítear leis an togra seo spriocanna éigeantacha aonfhoirmeacha a shocrú do na Ballstáit. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil éagsúlacht mhór idir na Ballstáit maidir leis an mbunlíne atá ann faoi láthair maidir le húsáid lotnaidicídí. Rinneadh comhréireacht an phróisis socraithe spriocanna a

---

[28] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 2006, 373.2009, lch. 8.)

áirithiú trí fhoráil a dhéanamh maidir le foirmle reachtach lenar féidir difríochtaí idir an dul chun cinn agus déine úsáide lotnaidicídí idir na Ballstáit a chur san áireamh.

- **An rogha ionstraime**

Léiríonn an fhianaise atá ar fáil maidir le heasnaimh i gcur chun feidhme SUD sna Ballstáit nach bhfuil an cur chuige a bhí ann roimhe seo, eadhon na rialacha mionsonraithe a fhágáil faoi Threoir, ag oibriú a mhéid a beartaíodh i dtogra bunaidh an SUD. Deimhnítear sna torthaí ó mheastóireacht SUD go bhfuil cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú SUD éagsúil agus míchothrom ar fud na mBallstát. Deimhníodh na torthaí sin le hinnéacs faireacháin comhlíontachta ón gCoimisiún a bhfuil cur síos air sa mheastóireacht. Chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freisin go raibh gá le critéir níos soiléire agus le ceanglais níos sonraí maidir le IPM chun forfheidhmiú a áirithiú agus comhlíonadh a mheas[29]. Toisc go bhfuil an oiread sin athróga talmhaíochta casta i mbainistiú lotnaidí, ba cheart rialacha atá soiléir agus aonfhoirmeach comhlíonadh a shimpliú agus forfheidhmiú a fheabhsú. Is fearr a bhainfear amach cur i bhfeidhm comhsheasmhach an bheartais ar fud na mBallstát trí bhíthin rialacháin, seachas trí threoir. Ina theannta sin, d'éascódh rialachán cothrom iomaíochta níos fearr i measc úsáideoirí lotnaidicídí, ós rud é go gcothaíonn rialacha éagsúla maidir le húsáid lotnaidicídí ar fud na mBallstát iomaíocht éagórach agus go mbaintear an bonn d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Fuarthas amach sa mheastóireacht a ghabhann leis an togra seo go bhfuil comhleanúnachas inmheánach agus seachtrach SUD le beartais agus le hionstraimí eile de chuid an Aontais láidir go ginearálta, gan aon neamhréireacht mhór ná aon fhorluí. Bhí cuspóirí SUD an-ábhartha, agus tá siad fós, an-ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí don chomhshaol agus do shláinte an duine. Mar sin féin, ní raibh ach measartha éifeachtach in SUD. Baineann laigí arna sainaithint ag an gCoimisiún agus le laigí eile le cur chun feidhme agus forfheidhmiú IPM, agus le héifeachtacht theoranta phleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát (NAPanna). Ní leagann go leor Ballstát spriocanna ná táscairí cainníochtúla síos ina gcuid NAPanna chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a chur chun cinn nó chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar bhealach níos fearr. Níl aon chóras faireacháin éifeachtach ann ach oiread, rud a fhágann nach bhfuil ach sonraí teoranta ann maidir le húsáid lotnaidicídí. Dá bharr sin, tá sé deacair teacht ar chonclúid maidir lena mhéid atá sláinte an duine agus an comhshaol cosanta ag SUD ar éifeachtaí díobhálacha lotnaidicídí. Níorbh fhéidir le bearta a

[29] Tuarascáil Speisialta 05/2020: Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí:dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú (europa.eu).

tugadh isteach faoin CBT roimhe seo feirmeoirí a spreagadh chun úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach.

Thug Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an Choimisiúin (RSB) tuairim dhiúltach uaidh ar dhréachtmheasúnú tionchair an Choimisiúin don togra seo an 26 Samhain 2021. Bhí an dréacht-mheasúnú tionchair i bhfoirm doiciméad inmheánach oibre. D'iarr an Bord go ndéanfaí an doiciméad a leasú chun:

(i) beidh sé níos soiléire ar na sonraí agus ar an bhfianaise atá ar fáil don tionscnamh;

(ii) anailís nó insint níos láidre a chur ar fáil maidir leis na spriocanna úsáide lotnaidicídí agus na spriocanna laghdaithe riosca;

(iii) beidh siad níos soiléire maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht teicnící beacht-fheirmeoireachta agus roghanna malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha nach bhfuil chomh contúirteach céanna; agus

(iv) tionchair agus comhbhabhtálacha an tionscnaimh don chomhshaol, don tsláinte agus don gheilleagar a shainaithint agus anailís níos fearr a dhéanamh orthu.

Thug an Bord tuairim an dara tuairim – an uair seo dearfach le forchoimeádais – an 26 Eanáir 2022 maidir leis an doiciméad inmheánach oibre athbhreithnithe maidir leis an measúnú tionchair. Tar éis an dara tuairim sin, leasaíodh an doiciméad tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar fhorchoimeádais an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála ionas go ndéanfadh an doiciméad an méid seo a leanas:

- mínigh go soiléir an easpa fianaise ar dhíolacháin agus ar úsáid lotnaidicídí agus na srianta comhfhreagracha ar an easpa fianaise sin do shainmhíniú na faidhbe, d'fhoirmliú roghanna agus d'anailís tionchair;
- bonn cirt níos fearr a thabhairt leis an rogha maidir le spriocanna ceangailteacha an laghdaithe 50 % agus conas a bhaineann siad lena chéile;
- an leibhéal dul chun cinn is gá a shonrú i mBallstáit aonair chun go gcomhlíonfaidh siad an dá sprioc cheangailteacha laghdaithe de chuid an Aontais, agus an chaoi a ndéanfar é sin a thomhas, a leithdháileadh nó an chaoi a roinnfear an t-ualach go cothrom a shonrú;
- na tionscnaimh tionlacain a áirítear sa bhunlíne don mheasúnú tionchair a shoiléiriú; agus
- bunús agus creat ama níos inchreidte a leagan amach chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionscnamh amach anseo.

Rinneadh an measúnú tionchair deiridh a ullmhú i bhfoirm doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin agus rinneadh athbhreithniú air i gcomhréir leis na tuairimí, na barúlacha agus na pointí feabhais sin ón mBord um Ghrinnscrúdú Rialála.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Foilsíodh treochlár meastóireachta comhcheangailte agus measúnú tionchair tosaigh maidir leis an togra seo agus cuireadh ar fáil aiseolas poiblí ina leith ón 29 Bealtaine go dtí an 7 Lúnasa 2020. Fuarthas 360 fhreagra san iomlán. Bhí an comhairliúchán poiblí ar siúl ón 18 Eanáir go dtí an 12 Aibreán 2021 agus fuarthas 1 699 freagra san iomlán. Ba é a bhí san aiseolas a fuarthas raon leathan tuairimí, mar atá leagtha amach sa tuarascáil achoimre ina ndearnadh achoimre ar an gcomhairliúchán leis na

páirtithe leasmhara (tá an achoimre seo i gceangal leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo). Leag úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí béim ar an ngá atá le toradh barr agus cáilíocht barr a chosaint. Leag páirtithe leasmhara eile béim ar an ngá atá le IPM a chur chun cinn, infhaighteacht roghanna eile ar lotnaidicídí ceimiceacha a mhéadú, agus measúnú níos fearr a dhéanamh ar na tionchair sláinte agus comhshaoil a bhaineann le lotnaidicídí ceimiceacha a úsáid. D'eagraigh an Coimisiún cianimeachtaí do pháirtithe leasmhara maidir leis an tionscnamh seo an 19 Eanáir, an 25 Meitheamh agus an 5 Deireadh Fómhair 2021. Tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn le linn na n-imeachtaí sin de chuid na ngeallsealbhóirí, lena n-áirítear:

(i) ábhair imní ó úsáideoirí lotnaidicídí maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh níos lú lotnaidicídí ar fáil ar an margadh;

(ii) an tacaíocht theoranta airgeadais faoi CBT chun IPM a chur chun feidhme;

(iii) an gá atá le hioncam feirmeoirí a chosaint;

(iv) ról na dteicneolaíochtaí nua a chur chun cinn;

(v) sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint; agus

(vi) cé acu a leanfar nó nach leanfar de thoirmeasc ar leathadh lotnaidicídí ón aer. Leag formhór na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha béim ar a thábhachtaí atá sé uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus spriocanna gaolmhara a bhaint amach. Saincheist eile a leagadh béim uirthi ag imeachtaí na bpáirtithe leasmhara ab ea an gá le feabhas a chur ar chur chun feidhme na NAPanna.

Rinneadh suirbhéanna spriocdhírithe, ceardlanna agus cás-staidéir freisin sna réimsí seo a leanas:

(i) staidéar seachtrach ar fhochonradh ón gCoimisiún a thacaíonn leis an meastóireacht agus leis an measúnú tionchair; agus

(ii) staidéar fadbhreathnaitheacht bhreise ar chásanna físe amach anseo maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí.

Foilsíodh sonraí na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[30] agus ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr[31]. Ar na páirtithe leasmhara a raibh baint acu leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin agus a ghlac páirt iontu bhí:

(i) feirmeoirí agus conraitheoirí a leathann lotnaidicídí;

(ii) úsáideoirí neamhthalmhaíochta lotnaidicídí;

(iii) eagraíochtaí neamhrialtasacha sláinte agus comhshaoil;

(iv) comhlachais ghairmiúla a dhéanann ionadaíocht ar an tionscal agus ar ghníomhaithe eacnamaíocha sna hearnálacha ábhartha (e.g. beachairí, tionscal na gceimiceán, tionscal an trealaimh leata lotnaidicídí, tionscal na síolta etc.);

30 Meastóireacht agus Measúnú Tionchair (europa.eu).).

31 Lotnaidicídí – úsáid inbhuanaithe (rialacha nuashonraithe an Aontais) (europa.eu).

(v) comhlachais tomhaltóirí;

(vi) comhpháirtithe sóisialta (eagraíochtaí fostóirí agus oibrithe);

(vii) an pobal i gcoitinne;

(viii) Údaráis inniúla náisiúnta agus réigiúnacha AE agus neamh-AE; agus

(ix) saineolaithe eolaíocha.

Léiríodh sna freagraí ar na gníomhaíochtaí éagsúla go raibh tuairimí na bpáirtithe leasmhara roinnte den chuid is mó in dhá dhearcadh leathana. Ba é tuairim an chéad ghrúpa gur cheart úsáid lotnaidicídí a laghdú i gcomhréir leis an sprioc maidir le rioscaí a laghdú ar bhealach a oibríonn le húsáideoirí táirgí cosanta plandaí. Ba é tuairim an dara grúpa gur chóir úsáid lotnaidicídí a laghdú go suntasach, mura mbeadh sin go hiomlán. Forbraíodh an togra mar chur chuige comhréireach réadúil – ach fós uaillmhianach – chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na sochaí maidir le húsáid agus riosca lotnaidicídí. Is cur chuige é:

(i) lenar féidir i gcónaí lotnaidicídí a úsáid nuair is gá agus nuair is iomchuí agus ar bhealach sábháilte; agus

(ii) a chuireann córais oiliúna agus chomhairleacha chun cinn maidir le teicnící malartacha rialaithe lotnaidí agus maidir le cur chun feidhme níos fearr IPM.

Mar a thuairiscítear sa mheasúnú tionchair, cuireadh roinnt roghanna beartais i leataobh bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara. Cuireadh an t-aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara san áireamh freisin i leibhéal uaillmhéine na roghanna beartais a roghnaíodh ar deireadh.

- **Tionscnaimh ó na saoránaigh**

Le 2 thionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh, tugtar aghaidh ar úsáid lotnaidicídí agus iarrtar spriocanna uaillmhianacha laghdaithe. D'iarr an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Cuirtear toirmeasc ar an ngliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha ar an gCoimisiún, faoina thríú aidhm, 'spriocanna éigeantacha uile-AE don laghdú ar úsáid lotnaidicídí a shocrú d'fhonn todhchaí gan lotnaidicídí a bhaint amach'. Ina fhreagra a glacadh an 12 Nollaig 2017, luaigh an Coimisiún go ndéanfadh sé athmheastóireacht ar an ngá atá le spriocanna éigeantacha uile-AE le haghaidh lotnaidicídí..

Iarrann an tionscnamh 'Sábhálaimis na beacha agus na feirmeoirí!I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin' ar an gCoimisiún 'gníomhartha dlí a mholadh le 80 % de lotnaidicídí sintéiseacha i dtalmhaíocht an Aontais a chéimniú amach faoi 2030, ag tosú leis na cinn is guaisí, agus le bheith saor ó ábhar shintéiseach faoi 2035.' Tá os cionn 1 milliún ráiteas tacaíochta bailithe ag an tionscnamh faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tá na ráitis sin á bhfíorú ag údaráis na mBallstát faoi láthair. Má dhéantar iad a bhailíochtú agus a chur isteach go hoifigiúil, tabharfaidh an Coimisiún cuntas ar na gníomhartha atá beartaithe aige a dhéanamh, más ann dóibh, i dteachtaireacht.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tacaíodh leis an tionscnamh le dhá staidéar sheachtracha ar conradh de chuid an Choimisiúin, lena n-áirítear athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht, ceardlanna, cás-staidéir, agus suirbhéanna.

Tarraingíodh faisnéis bhreise sa mheasúnú tionchair freisin ó roinnt staidéar eile a bhain úsáid as samhaltú eacnamaíoch chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint amach na spriocanna sa straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', lena n-áirítear na spriocanna maidir le húsáid lotnaidicídí agus laghdú rioscaí.

- **Measúnú tionchair**

Tá bileog achoimre feidhmiúcháin an mheasúnaithe tionchair ar fáil anseo. Tá tuairim dhearfach an Bhoird ar fáil anseo.

Tá aidhm an togra maidir le húsáid lotnaidicídí agus riosca lotnaidicídí a laghdú chun sláinte, bithéagsúlacht agus an comhshaol a chosaint ábhartha d'uaillmhian an Choimisiúin spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach. Go háirithe, baineann sé le spriocanna 3 (sláinte agus folláine), 6 (uisce glan), 8 (obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch), 11 (cathracha inbhuanaithe), 12 (tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe), 14 (saol faoi uisce) agus 15 (saoil ar thalamh).

I gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, comhlíonann an togra an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. De réir an phrionsabail sin, níor cheart go ndéanfadh gníomhaíochtaí dochar suntasach d'aon cheann de na sé chuspóir chomhshaoil, de réir bhrí Airteagal 17 i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht[32]. Is iad seo a leanas na 6 chuspóirí: maolú ar an athrú aeráide; oiriúnú don athrú aeráide; úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint; aistriú chuig geilleagar ciorclach; truailliú a chosc agus a rialú; agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

Rinneadh measúnú ar na príomhroghanna beartais seo a leanas i gcomparáid le cás bunlíne a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nach ndéanfaí aon athrú ar SUD.

Rogha 1: Tá spriocanna an Aontais maidir le húsáid lotnaidicídí a laghdú 50 % agus rioscaí lotnaidicídí a laghdú 50 % faoi 2030 fós ceangailteach ó thaobh an dlí de.. Chuirfí feabhas ar chórais chomhairleacha agus ar threoir d'úsáideoirí lotnaidicídí. Chuirfí teicnící beachtas feirmeoireachta chun cinn chun úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú agus chun an baol a bhaineann leo a laghdú.

Rogha 2: Bheadh na spriocanna laghdú 50 % ceangailteach ó thaobh dlí ar leibhéal an Aontais. Shocródh na Ballstáit a spriocanna laghdaithe náisiúnta féin trí chritéir bhunaithe a úsáid. Bheadh na spriocanna náisiúnta sin ceangailteach ó thaobh dlí de (faoin dlí náisiúnta) agus bheadh siad faoi réir sásraí rialachais atá nasctha le tuairisciú bliantúil rialta ó na Ballstáit. Bheadh toirmeasc ar lotnaidicídí níos guaisí a úsáid i limistéir íogaire amhail limistéir ghlasa uirbeacha. Bheadh ar úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí taifid leictreonacha a choinneáil ar úsáid lotnaidicídí agus ar IPM chun úsáid lotnaidicídí a laghdú. Bhaileodh na húdaráis náisiúnta na taifid sin agus dhéanfadh siad anailís orthu chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus chun bearta ceartaitheacha a cheapadh ar an leibhéal náisiúnta más gá.

[32] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Chuirfeadh seirbhísí neamhspleácha comhairleacha comhairle ar úsáideoirí lotnaidicídí maidir le teicnící malartacha agus IPM.

Bheadh **Rogha 3** cosúil le rogha 2. Faoi rogha 3, áfach, bheadh spriocanna an laghdaithe 50 % ceangailteach ó thaobh dlí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Bheadh toirmeasc ar gach lotnaidicíd cheimiceach a úsáid i limistéir íogaire amhail limistéir uirbeacha agus limistéir faoi chosaint i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE, limistéir Natura 2000 etc.

Is é rogha 3 an rogha thosaíochta, cé is moite de na spriocanna, i gcás inarb í rogha 2 rogha na tosaíochta. Sa chás sin, bheadh na spriocanna maidir le húsáid lotnaidicídí agus riosca lotnaidicíde araon a laghdú 50 % ceangailteach ó thaobh dlí ar leibhéal an Aontais, agus leagfadh na Ballstáit a spriocanna laghdaithe náisiúnta féin síos faoin dlí náisiúnta. Rinneadh measúnú ar na roghanna i gcomparáid le cás bunlíne a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás nach ndéanfaí aon athrú ar SUD. Má thoirmisctear úsáid gach táirge cosanta plandaí i limistéir íogaire, déanfar na tairbhí sláinte agus comhshaoil a bhaineann leis a uasmhéadú.

Tá an rogha thosaíochta ag teacht le huaillmhianta Mhargadh Glas na hEorpa, leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc', leis an straitéis bithéagsúlachta, agus leis an bplean gníomhaíochta neamhthruaillithe. Cuirfidh an rogha thosaíochta seo réimse tairbhí ar fáil don tsochaí, don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais trí rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú ó úsáid lotnaidicídí. Freisin, laghdófar ar astaíochtaí CO_2 tríd an mbithéagsúlacht a chosaint. Tá sé sin comhsheasmhach leis an gcuspóir neodrachta ó thaobh carbóin de ar fud an Aontais do 2050 agus leis an sprioc idirmheánach astaíochtaí a laghdú 55 % faoi 2030, mar atá leagtha amach in Airteagal 2(1) agus in Airteagal 4(1) den Dlí Aeráide Eorpach[33]. Faoin rogha thosaíochta seo, is fearr a bheidh úsáideoirí lotnaidicídí ar an eolas faoi roghanna malartacha éifeachtacha ar lotnaidicídí ceimiceacha, rud a chuirfidh ar a gcumas a n-úsáid lotnaidicídí agus na costais a bhaineann leo a laghdú, agus táirgí bia atá iomaíoch ar an margadh á dtáirgeadh go fóill acu. A bhuí le sonraí níos mionsonraithe maidir le húsáid lotnaidicídí agus IPM faoin rogha thosaíochta seo, is féidir le húdaráis na mBallstát a áirithiú go rachaidh bearta náisiúnta chun tairbhe feirmeoirí, an phobail, geallsealbhóirí eile agus an chomhshaoil a mhéid is féidir. Áirithítear leis an rogha thosaíochta freisin go mbeadh gníomhaíochtaí na mBallstát níos trédhearcaí agus níos soiléire.

I gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'; agus na Straitéise Bithéagsúlachta, tá sé d'aidhm ag laghdú ar úsáid táirgí cosanta plandaí, ní hamháin an tsláinte phoiblí a áirithiú, ach freisin an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus an comhshaol a chosaint, go háirithe i gcás ina bhfuil saincheisteanna domhanda i gceist, amhail cosaint a thabhairt do phobail pailneoirí.

---

33 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

Faoin rogha thosaíochta seo, tiocfaidh méadú ar chostais táirgthe in aghaidh an aonaid mar gheall ar na nithe seo a leanas:

(i) ceanglais tuairiscithe níos déine agus níos mionsonraithe;

(ii) an laghdú a mheastar a thiocfaidh ar an táirgeacht de bharr úsáid lotnaidicídí a bheith níos ísle; agus

(iii) ciseal costais bhreise a chur san áireamh do na húsáideoirí gairmiúla sin nach bhfuil comhairleoirí á n-úsáid acu faoi láthair.

Faoin togra seo, beidh na Ballstáit in ann tacaíocht a chur ar fáil faoin CBT chun na costais a chumhdach a bheidh ar fheirmeoirí maidir leis na ceanglais dhlíthiúla uile a fhorchuirtear leis an togra seo a chomhlíonadh ar feadh tréimhse 5 bliana. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar aon mhéaduithe i bpraghsanna bia a eascraíonn as oibleagáidí nua a leagtar amach sa togra seo. Bhí go leor de na forálacha atá sa togra seo ann cheana faoi SUD agus dá bhrí sin níor cheart go mbeadh aon tionchar acu ar phraghsanna bia ná ar tháirgeacht barr. Na hathruithe a thabharfar isteach leis an togra seo, déanfar iad a thabhairt isteach de réir a chéile, rud a íoslaghdóidh a thuilleadh aon tionchar ar shlándáil bia.

Bheadh gá freisin le bearta frithárimh agus maolaithe riosca a d'fhéadfadh a bheith ann chun cur i gcoinne aon iarmhairtí diúltacha gan iarraidh ar thíortha nach bhfuil san Aontas, go háirithe tíortha i mbéal forbartha. D'fhéadfadh bearta an Aontais den sórt sin tacú le hobair FAO chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) an riosca ó lotnaidicídí a laghdú trí chur chuige fónta bainistithe saolré;

(ii) cuidiú le rialtais agus le páirtithe leasmhara sa domhan forbraíochta cleachtais atá bunaithe ar éiceachórais a ghlacadh; agus

(iii) feabhas a chur ar bhainistiú lotnaidicídí sa talmhaíocht ar fud an domhain.

Ar na FBManna lena mbaineann beidh:

(i) feirmeoirí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide eile a úsáideann agus a dhíolann lotnaidicídí agus trealamh leata lotnaidicídí;

(ii) láimhseálaithe táirgí talmhaíochta agus lotnaidicídí;

(iii) próiseálaithe agus idirghabhálaithe bia;

(iv) conraitheoirí talmhaíochta; agus

(v) comhairleoirí talmhaíochta.

Beidh costais agus sochair éagsúla ar FBManna faoin rogha tosaíochta beartais. Féadfaidh na Ballstáit dreasachtaí nó maolú a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear faoi CBT, chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de thionchair na rogha. Ina theannta sin, má chuirtear na rialacha maidir le húsáid lotnaidicídí i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí agus níos aonfhoirmí, laghdófar saobhadh margaidh idir úsáideoirí lotnaidicídí ar fud na mBallstát, a chuireann na rialacha atá ann faoi láthair i bhfeidhm ar leibhéil éagsúla.

Beidh costais rialaithe agus riaracháin ar na Ballstáit maidir leis na rialacha nuashonraithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus maidir leis na sonraí ábhartha faireacháin a bhailiú agus a anailísiú. Is fíor sin go háirithe i gcás aon chostais tosaigh maidir le córas bailithe sonraí a thabhairt isteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

  I gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin i leith rialáil níos fearr, ullmhaíodh an togra ar bhealach cuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht agus ar phlé leanúnach le geallsealbhóirí. Níor sainaithníodh sa mheastóireacht simplithe reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann ná laghdú ar an ualach rialála, rud a d'fhágfadh gurbh fhusa na cuspóirí maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach. Níl micrifhiontair díolmhaithe ón togra seo i bhfianaise a thábhachtaí atá sé bearta a chur chun feidhme go haonfhoirmeach chun úsáid lotnaidicídí agus an riosca a bhaineann leo do shláinte an duine agus don chomhshaol araon a laghdú.

  Tá an togra seo ag teacht le beartas atá ullamh don digitiú trí choimeád leictreonach taifead agus foilsiú ar líne na dtreochtaí atá idir lámha i dtreo an chruinnithe a chur chun cinn:

  (i) spriocanna laghdaithe lotnaidicídí;

  (ii) cur chun feidhme NAPanna;

  (iii) tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme;

  (iv) moltaí ón gCoimisiún; agus

  (v) freagraí ó na Ballstáit.

  Déanfar forálacha ábhartha le haghaidh seirbhísí digiteacha costéifeachtacha, dírithe ar an úsáideoir agus idir-inoibritheach a mheas i rialacha cur chun feidhme do na cláir leictreonacha a chruthófar mar thoradh ar an togra.

- **Cearta bunúsacha**

  Leis an togra seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[34]. Go háirithe, leis an togra seo cuirtear leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh forfheidhmiú beartais níos fearr chun an riosca ó úsáid lotnaidicídí a laghdú agus sláinte a chosaint cur leis an gceart bunúsach chun 'dálaí oibre cothroma agus córa' (Airteagal 31, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). Go háirithe, d'fhéadfadh sé cur leis an gceart chun dálaí oibre lena n-urramaítear sláinte, sábháilteacht agus dínit oibrithe.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl tionchar ag an togra seo ar bhuiséad an Aontais.

[34] IO C 202, 7.6.2016, lch 389.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

  Beidh an táscaire atá ann faoi láthair maidir le baint amach an dá sprioc lotnaidicíde sa straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ mar bhonn don fhaireachán lárnach bliantúil ar dhul chun cinn i dtreo na spriocanna sin ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur dócha nach mbeidh fáil ach in 2032 ar shonraí a léiríonn ar baineadh amach spriocanna 2030 maidir le húsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú.

  Beidh ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

  - bunú agus úsáid seirbhísí neamhspleácha comhairleacha;
  - rialacha IPM a chur chun feidhme ar leibhéal na feirme tríd an gclár comhtháite leictreonach bainistithe lotnaidí agus úsáide táirgí cosanta plandaí;
  - cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil trí chláir shonracha;
  - oiliúint úsáideoirí, dáileoirí agus comhairleoirí gairmiúla;
  - táirgí cosanta plandaí a úsáid trí chlár leictreonach.

  Tuairisceoidh na Ballstáit faisnéis arna bailiú tríd an bhfaireachán sin gach bliain don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis agus forlíonfaidh sé í lena iniúchtaí féin.

  Chun an faireachán bliantúil sin a fhorlíonadh, molann an Coimisiún go ndéanfadh sé meastóireacht fhoirmiúil ar an tionscnamh sin 7 bliana ar a luaithe tar éis don togra dlí atá beartaithe teacht chun bheith infheidhme.

  Ina theannta sin, is féidir na sonraí faireacháin a thuairiscítear anseo agus sa mheasúnú tionchair a ghabhann leo a úsáid go díreach chun faireachán a dhéanamh ar na cuspóirí beartais foriomlána a leagtar amach faoin mBeart Glas Eorpach agus faoin 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, lena n-áirítear: an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’; an straitéis bhithéagsúlachta; agus an faireachán agus an dearcadh neamhthruaillithe.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

  Leagtar amach i gCaibidil I an t-ábhar, an raon feidhme agus na sainmhínithe.

  I gCaibidil II leagtar amach spriocanna an Aontais maidir le laghdú 50 % a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí – agus ar lotnaidicídí atá i mbaol lotnaidicídí, i gcomhréir leis an straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus lena gcuirfidh na Ballstáit (i dteannta a chéile) leis. Foráiltear leis gur cheart do na Ballstáit spriocanna ceangailteacha a ghlacadh faoina ndlí náisiúnta, ar spriocanna iad a d’fhéadfadh imeacht ón leibhéal 50 % de spriocanna an Aontais laistigh de pharaiméadair foirmle ceangailtí. Leis an bhfoirmle seo, ceadaítear do na Ballstáit dul chun cinn agus déine na húsáide lotnaidicídí a chur san áireamh agus spriocanna náisiúnta á leagan síos acu. Déantar foráil go n-eiseoidh an Coimisiún moltaí chun spriocanna méadaitheacha a shocrú i gcásanna áirithe agus go bhfoilseoidh sé treochtaí i dtreo spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach.

  I gCaibidil III déantar cur síos ar cad ba cheart a bheith sna NAPanna chomh maith leis na ceanglais maidir leis an méid seo a leanas:

  (i) comhairliúchán poiblí maidir leis na NAPanna sin; agus

(ii) beidh na NAPanna sin i gcomhréir le pleananna straitéiseacha CBT.

Leagtar amach sa chaibidil seo freisin na mionsonraí atá le cur san áireamh maidir le spriocanna táscacha le haghaidh roghanna malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha. Déantar foráil maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) Na Ballstáit chun a áirithiú i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme a dtreochtaí maidir leis an dá sprioc a bhaint amach mar aon le sonraí cainníochtúla eile; agus

(ii) ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus moltaí a dhéanamh.

I gCaibidil IV leagtar amach na ceanglais d'úsáideoirí gairmiúla in IPM i gcásanna ina bhfuil rialacha sonracha maidir le barra glactha ag na Ballstáit nó nach bhfuil siad glactha acu. Éilíonn sé coimeád taifead ag úsáideoirí gairmiúla ar IPM agus úsáid comhairleoirí neamhspleácha. Foráiltear ann do ghlacadh agus maoirseacht a dhéanamh ar rialacha a bhaineann go sonrach le barr do IPM, rialacha nach mór d'úsáideoirí gairmiúla a leanúint. Déantar foráil ann freisin maidir le clár leictreonach IPM a chruthú.

I gCaibidil V leagtar amach na ceanglais ar úsáideoirí gairmiúla, ar dháileoirí agus ar chomhairleoirí deimhniú oiliúna a bheith acu in imthosca áirithe. Leagtar amach ann freisin ceanglais ghinearálta maidir le húsáid lotnaidicídí agus trealaimh leata. Ina theannta sin, tá forálacha ann maidir leis an méid seo a leanas:

(i) úsáid lotnaidicídí i limistéir íogaire;

(ii) cosaint an chomhshaoil uiscigh agus an uisce óil;

(iii) leathadh ón aer;

(iv) stóráil, diúscairt agus láimhseáil; agus

(v) comhairle maidir le húsáid lotnaidicídí.

Leagtar amach i gCaibidil VI na ceanglais maidir le táirgí cosanta plandaí a dhíol. Leagtar amach ann freisin an cineál faisnéise faoi lotnaidicídí nach mór a sholáthar do cheannaitheoirí tráth an díolacháin.

I gCaibidil VII, ceanglaítear ar na Ballstáit córas a chur ar bun chun úsáideoirí, comhairleoirí agus dáileoirí gairmiúla a oiliúint agus a dheimhniú. Déantar foráil ann maidir le córas comhairleach neamhspleách a chruthú. Ceanglaítear ar na Ballstáit leis freisin feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna lotnaidicídí agus príomhfhaisnéis a fhoilsiú ar líne. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit faisnéis a bhailiú ar theagmhais nimhithe géara agus ainsealacha de bharr lotnaidicídí.

Baineann Caibidil VIII le trealamh leata lotnaidicídí. Leagtar síos leis na ceanglais maidir le cigireacht a dhéanamh ar threalamh leata a úsáidtear go gairmiúil. Déantar foráil ann maidir le clár leictreonach nó cláir leictreonacha chun faisnéis faoi n trealamh leata ar fad atá in úsáid go gairmiúil a thaifeadadh. Leagtar amach ann na ceanglais maidir le fógra a thabhairt maidir le húinéireacht a aistriú nó a tharraingt siar ó úsáid. Ceanglaítear cigireachtaí 3 bliana leis, agus an fhéidearthacht ann maolú ar na ceanglais chigireachta sin i gcás trealamh áirithe leata.

Leagtar amach i gCaibidil IX an mhodheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh agus chun dul chun cinn a ríomh i dtreo na spriocanna laghdaithe le haghaidh 2030.

Leagtar amach i gCaibidil X forálacha riaracháin agus airgeadais maidir leis an méid seo a leanas:

(i) na húdaráis inniúla ábhartha a chur in iúl don Choimisiún;

(ii) pionóis; agus

(iii) táillí agus muirir.

Le Caibidil XI, cuirtear ar fáil na coinníollacha maidir le glacadh na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme faoin SUR.

Le Caibidil XII, aisghairtear an SUD agus cuirtear teacht i bhfeidhm an SUR.

2022/0196 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Chonradh, tá ceanglas ann ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais agus foráiltear leis nach mór beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol dírithe ar ardleibhéal cosanta.

(2) Le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] bunaíodh creat chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach trí na rioscaí agus na tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú. Fuarthas sa mheastóireacht[4] a rinneadh ar an Treoir sin nár baineadh amach na cuspóirí foriomlána a bhí inti agus nár chuir na Ballstáit an Treoir sin chun feidhme ar bhealach sásúil. Rinneadh an chonclúid sin a dheimhniú i dtuarascálacha ón

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C […], […], lch. […].

3 Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

4 [Tagairt le cur isteach.]

gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle in 2017[5] agus in 2020[6].

(3) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí[7], tugadh faoi deara nach mór don Aontas gníomhú gan mhoill chun aistriú chuig úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí agus iarradh ar an gCoimisiún sprioc uaillmhianach ceangailteach uile-Aontais a mholadh chun úsáid lotnaidicídí a laghdú. D'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a hiarraidh ar spriocanna ceangailteacha laghdaithe sa rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[8].

(4) In 2018, fuarthas amach i staidéar[9] a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) go ndearnadh dul chun cinn i roinnt mhaith Ballstát ach nár baineadh amach cuspóirí Threoir 2009/128/CE ach ar bhealach teoranta. I dtuarascáil speisialta ó 2020[10] ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, fuarthas amach nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí a thomhas agus a laghdú agus sainaithníodh laigí i gcreat reatha an Aontais. Mar a tugadh faoi deara ina thuarascáil faisnéise i ndáil leis an meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE[11], measann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa freisin go bhfuil sé ríthábhachtach athmheasúnú a dhéanamh ar na ceanglais, na spriocanna, na coinníollacha agus na tráthchláir a leagadh síos faoi na pleananna gníomhaíochta náisiúnta.

(5) Chun a áirithiú go mbainfear amach ina n-iomláine cuspóirí chreat dlíthiúil an Aontais maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, is gá é a oiriúnú trí rialacha a bheadh níos soiléire agus infheidhme go díreach a leagan síos d'oibreoirí. Ina theannta sin, ba cheart roinnt rialacha a shoiléiriú, lena n-áirítear na rialacha maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm, srianta le húsáid táirgí cosanta plandaí agus

---

5 *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on Member State National Action Plans and on progress in the implementation of Directive 2009/128/EC on the sustainable use of pesticides* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta na mBallstát agus ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí] COM(2017)587 final.

6 *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the experience gained by Member States on the implementation of national targets established in their National Action Plans and on progress in the implementation of Directive 2009/128/EC on the sustainable use of pesticides* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an taithí atá faighte ag na Ballstáit ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí] COM(2020) 204 final.

7 P8_TA(2019)0082, an 12 Feabhra 2019.

8 P9_TA(2021)0425, an 20 Deireadh Fómhair 2021.

9 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, Treoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí –Measúnú ar Chur Chun Feidhme Eorpach, Deireadh Fómhair 2018.

10 Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú, Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ISBN:978-92-847-4206-6, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020.

11 Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Meastóireacht ar an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí (Tuarascáil Faisnéise), arna glacadh an 27 Aibreán 2021.

cigireachtaí ar threalamh a úsáidtear chun táirgí cosanta plandaí a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is iomchuí Treoir 2009/128/CE a aisghairm agus rialachán a chur ina hionad.

(6) Leagtar síos na rialacha maidir le táirgí bithicídeacha i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], agus tá sé beartaithe meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin. Dá bhrí sin, ní iomchuí rialacha nua maidir le húsáid táirgí bithicídeacha a thabhairt isteach sa Rialachán seo.

(7) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[13], leagadh amach treochlár de phríomhbhearta, lena n-áirítear bearta reachtacha, chun úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú go suntasach. Sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[14], i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[15] agus sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[16], gheall an Coimisiún go ngníomhódh sé chun laghdú 50 % a dhéanamh ar úsáid iomlán lotnaidicídí ceimiceacha agus ar an riosca iomlán a bhaineann leo faoi 2030 agus chun laghdú 50 % a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí atá níos guaisí (táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó atá formheasta mar shubstaint a bhféadfaí ionadú a dhéanamh uirthi i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún[18], nó ina bhfuil ceann amháin de na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/408 ón gCoimisiún[19]) faoi 2030. Tá úsáid inbhuanaithe táirgí

---

12 Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Comhairle na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An Comhaontú Glas don Eoraip COM/2019/640 final.

14 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM/2020/381 final.

15 Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, EU biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives' [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], COM/2020/380 final.

16 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil'* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: 'I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'], COM(2021) 400 final.

17 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/EEC ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

18 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

19 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún an 11 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme Airteagal 80(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

cosanta plandaí comhlántach freisin le cur chun cinn na feirmeoireachta orgánaí agus le sprioc na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ a bhaint amach, is é sin 25 % ar a laghad de thalamh talmhaíochta an Aontais a bheith faoi fheirmeoireacht orgánach faoi 2030. Tacaíonn sé le cuspóirí chreat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair[20] agus ar an gcaoi sin cuireann sé le cur chun feidhme phrionsabal 10 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le timpeallacht oibre atá sláintiúil, sábháilte agus dea-oiriúnaithe.

(8) Le dhá thionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh, tugtar aghaidh ar úsáid lotnaidicídí agus iarrtar spriocanna laghdaithe uaillmhianacha. Leis an tionscnamh dar teideal ‘*Ban glyphosate and protect people and the environment from toxic pesticides*’ [Cuirtear toirmeasc ar an ngliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha] a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 6 Deireadh Fómhair 2017, iarradh ar an gCoimisiún, faoina thríú aidhm ‘spriocanna éigeantacha uile-Aontais don laghdú ar úsáid lotnaidicídí a shocrú d’fhonn todhchaí saor ó lotnaidicídí a bhaint amach’. Sa fhreagra uaidh a glacadh an 12 Nollaig 2017, luaigh an Coimisiún go ndéanfadh sé athmheastóireacht ar an ngá atá le spriocanna éigeantacha lotnaidicídí uile-Aontais. Níos déanaí, sa tionscnamh ‘Sábhálaimis na beacha agus na feirmeoirí!I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin’ iarrtar ar an gCoimisiún ‘gníomhartha dlíthiúla a mholadh chun 80 % de lotnaidicídí sintéiseacha i dtalmhaíocht an Aontais a chéimniú amach faoi 2030, ag tosú leis na cinn is guaisí, agus le bheith saor ó ábhar shintéiseach faoi 2035.’ Tá os cionn 1 mhilliún ráiteas tacaíochta bailithe ag dul leis an tionscnamh faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tá na ráitis sin á bhfíorú ag údaráis na mBallstát faoi láthair.

(9) I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh an 9 Bealtaine 2022, a mhéid a bhaineann leis na tograí maidir le talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht agus éiceachórais, truailliú, iarrann na saoránaigh go háirithe laghdú suntasach ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus leasachán ceimiceach, i gcomhréir leis na spriocanna atá ann cheana, agus slándáil bia á háirithiú, agus tacaíocht do thaighde chun roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus níos nádúrtha a fhorbairt. Iarrann na saoránaigh tuilleadh taighde agus nuálaíochtaí, lena n-áirítear i réitigh theicneolaíocha le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe, frithsheasmhacht plandaí agus feirmeoireacht bheacht, agus tuilleadh cumarsáide, córais chomhairleacha, agus tuilleadh oiliúna d’fheirmeoirí agus ó fheirmeoirí agus iarrann siad ar an Aontas freisin feithidí a chosaint, go háirithe feithidí dúchasacha agus feithidí pailnitheacha.[21]

---

gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena mbunaítear liosta substaintí a bhféadfaí ionadú a dhéanamh orthu (IO L 67, 12.3.2015, lch. 18).

20 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘*EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 Occupational safety and health in a changing world of work*’ [Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027], COM/2021/323 final.

21 *Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh*, Bealtaine 2022, Moltaí 1 agus 2, lgh. 43-44.

(10) Sna conclúidí uaithi an 19 Deireadh Fómhair 2020[22], chuir Comhairle an Aontais Eorpaigh in iúl, agus na spriocanna laghdaithe de chuid an Choimisiúin i ndáil le húsáid lotnaidicídí a leagtar amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' á dtabhairt dá haire, go mbeidh gá le hiarrachtaí ó na Ballstáit agus ó gach páirtí leasmhar chun na spriocanna sin a bhaint amach, chomh maith le dlúthchomhar, comhairliúchán agus comhoibriú. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin a áirithiú gur spriocanna de chuid an Aontais iad na spriocanna sin nach mór do na Ballstáit uile rannchuidiú leo trí ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta. Iarrtar sna conclúidí ón gComhairle go leagfar amach na spriocanna sin agus an méid a baineadh amach go dtí seo á gcur san áireamh, mar aon le túsphointí, imthosca agus coinníollacha éagsúla na mBallstát.

(11) Is rogha rialúcháin inbhuanaithe iad oibreáin rialúcháin bhitheolaíocha ar úsáid táirgí ceimiceacha chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú. Mar a tugadh faoi deara i gCinneadh (AE) 2021/1102 ón gComhairle[23], tá tábhacht mhéadaitheach ag baint le hoibreáin bhitheolaíocha sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht inbhuanaithe agus tá ról lárnach acu má tá rath le bheith ar bhainistiú comhtháite lotnaidí agus ar an bhfeirmeoireacht orgánach. Éascaíonn rochtain ar rialuithe bitheolaíocha an t-aistriú ó tháirgí cosanta plandaí ceimiceacha. Is iomchuí feirmeoirí a spreagadh chun athrú go modhanna talmhaíochta lena mbaineann ionchur íseal, lena n-áirítear an fheirmeoireacht orgánach. Dá bhrí sin, is iomchuí coincheap an rialaithe bhitheolaíoch a shainmhíniú mar bhonn do na Ballstáit chun spriocanna táscacha a leagan síos chun céatadán na mbarr ar a n-úsáidtear oibreáin rialúcháin bhitheolaíocha a mhéadú.

(12) Is é cuspóir na Straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' dul chun cinn suntasach a dhéanamh maidir le laghdú úsáide táirgí cosanta plandaí ceimiceacha ar bhealach atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de. Chun an aidhm sin a bhaint amach, is gá spriocanna cainníochtaithe a leagan síos ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus na rioscaí a bhaineann leo a laghdú agus maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí atá níos guaisí chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn. Ba cheart spriocanna náisiúnta a shuí leis an dlí náisiúnta chun dul chun cinn agus cuntasacht leordhóthanach a áirithiú i ndáil leo. Ba cheart do na Ballstáit na spriocanna ceangailteacha náisiúnta sin a bhaint amach faoi 2030. Leis an laghdú ar úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha, meastar go laghdófar go mór na rioscaí a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte ag an obair d'úsáideoirí gairmiúla.

(13) I bhfianaise na leibhéal éagsúil dul chun cinn stairiúil agus na ndifríochtaí i ndéine úsáide lotnaidicídí idir na Ballstáit, is gá roinnt solúbthachta a cheadú do na Ballstáit agus a spriocanna ceangailteacha náisiúnta féin á leagan síos acu ('spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030). Is fearr déine na húsáide a thomhas trí chainníocht iomlán na substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh, agus a úsáidtear dá bhrí sin, i bhfoirm táirgí cosanta plandaí i mBallstát ar leith, a roinnt ar an

---

22 An Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2020, 12099/20.

23 Cinneadh (AE) 2021/1102 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar – agus togra, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir – a thíolacadh ar staid agus roghanna an Aontais maidir le hoibreáin inveirtibreacha um rialú bitheolaíoch a thabhairt isteach, a mheas, a tháirgeadh, a mhargú agus a úsáid laistigh de chríoch an Aontais (IO L 238, 6.7.2021, lch. 81).

achar dromchla ar cuireadh na substaintí gníomhacha thairis i bhfeidhm. Tá déine úsáide lotnaidicídí ceimiceacha, agus go háirithe lotnaidicídí níos guaisí, comhchoibhneasach le spleáchas níos mó ar lotnaidicídí ceimiceacha, rioscaí níos mó do shláinte an duine agus don chomhshaol agus cleachtais feirmeoireachta nach bhfuil chomh hinbhuanaithe céanna. Dá bhrí sin, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit an úsáid níos lú a bhaineann siad as lotnaidicídí ceimiceacha i gcomparáid le meán an Aontais a chur san áireamh agus a spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 á leagan síos acu. Is iomchuí freisin é a chur de cheangal orthu a ndéine úsáide níos airde maidir le lotnaidicídí ceimiceacha i gcomparáid le meán an Aontais a chur san áireamh agus a spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 á leagan síos. Ina theannta sin, chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát san am a chuaigh thart, ba cheart cead a bheith acu freisin dul chun cinn stairiúil a chur san áireamh sula nglacfar an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 á leagan síos acu. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil méadú tagtha ar a n-úsáid agus ar an mbaol atá ann maidir le táirgí cosanta plandaí, nó i gcás nach bhfuil ach laghduithe teoranta déanta acu, ba cheart dóibh níos mó a dhéanamh anois chun spriocanna laghdaithe an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach, agus déine a n-úsáide lotnaidicídí á gcur san áireamh an tráth céanna. Chun iarracht chothrom agus chomhchoiteann a áirithiú maidir leis na spriocanna uile-Aontais a bhaint amach agus leibhéal leordhóthanach uaillmhéine a áirithiú freisin, ba cheart teorainneacha íosta a leagan síos i ndáil le spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030. Is san Atlantach, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Indiach atá na réigiúin is forimeallaí den Aontas, mar atá liostaithe in Airteagal 349 den Chonradh. I ngeall ar shrianta buana amhail a iargúlta atá siad le hais mhór-roinn na hEorpa, a n-oileánachas agus a n-ardnochtadh don athrú aeráide, is iomchuí cead a thabhairt do na Ballstáit riachtanais shonracha na réigiún sin a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí agus bearta arna gcur in oiriúint do dhálaí aeráide sonracha agus do bharra sonracha. Chun a áirithiú go ndéanfar iarracht chothrom agus chomhchoiteann i dtreo spriocanna uile-Aontais a bhaint amach, i gcás ina mbainfidh Ballstát leibhéal a sprice náisiúnta maidir le laghdú 2030 amach roimh 2030, níor cheart é a bheith de cheangal air tabhairt faoi iarrachtaí breise maidir le laghdú, ach ba cheart dó dlúthfhaireachán a dhéanamh ar luaineachtaí bliantúla in úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus sa riosca a bhaineann leo agus in úsáid táirgí cosanta plandaí níos guaisí chun dul chun cinn a áirithiú i dtreo sprioc laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart rochtain phoiblí a bheith ann ar fhreagairtí na mBallstát ar aon mholadh ón gCoimisiún i ndáil le leibhéal uaillmhéine na spriocanna náisiúnta agus leis an dul chun cinn bliantúil a dhéantar ina leith.

(14) Ba cheart do na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta a dhréachtú agus a fhoilsiú. Chun a áirithiú go mbeidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát éifeachtach, ba cheart cuspóirí cainníochtúla agus tagairtí do spriocanna laghdaithe náisiúnta ceangailteacha le haghaidh 2030 mar a leagtar amach sa dlí náisiúnta a bheith iontu, mar aon le spriocanna táscacha gaolmhara arna leagan amach sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta, bearta, tráthchláir agus táscairí chun rioscaí agus tionchar úsáide lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú. Leis sin, beifear in ann cur chuige struchtúrtha a ghlacadh maidir le cuspóirí agus spriocanna cainníochtúla a leagan síos, agus nasc soiléir ann leis na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030. Chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht fhorálacha an Rialacháin seo, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar spriocanna agus ar shonraí cainníochtúla beachta a bhaineann

le comhlíontacht forálacha maidir le húsáid, oiliúint, trealamh cur i bhfeidhm agus bainistiú comhtháite lotnaidí.

(15) Chun na spriocanna laghdaithe uile-Aontais (‘spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030’) agus spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a bhaint amach, is gá infhaighteacht agus úsáid an rialaithe bhitheolaíoch a mhéadú mar aon le roghanna malartacha neamhcheimiceacha eile. Ach na roghanna malartacha sin a bheith ar fáil, spreagfar glacadh cleachtas bainistithe lotnaidí lena mbaineann ionchur íseal lotnaidicíde, amhail an fheirmeoireacht orgánach.

(16) Bíonn tionchar ag cur chun feidhme beartas agus beart i réimsí na húsáide inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí ar an gcomhshaol, ar an tsláinte phoiblí agus ar dhálaí oibre. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, dá bhrí sin, go dtabharfar deiseanna leordhóthanacha don phobal agus do na comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach in ullmhú phleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát agus go rachfar i gcomhairle leo maidir le hullmhú na bpleananna sin i gcomhréir, i gcás inarb infheidhme, le Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

(17) D’fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht leis an reachtaíocht ghaolmhar a áirithiú, ba cheart go gcuirfí san áireamh i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[26], Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], Treoir 91/676/CEE ón gComhairle[28], Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29], Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] agus Rialachán xxx/xxx maidir le hathbhunú dúlra [*tagairt don ghníomh le cur isteach*] agus ba cheart iad a bheith comhsheasmhach leis na Pleananna Straitéiseacha maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta a tarraingíodh suas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31].

---

24 Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

25 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

26 Treoir Uimh. 92/43/CEE an 21 Bealtaine 1992 ón gComhairle maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

27 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

28 Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

29 Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

30 Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1).

31 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt

(18) D’fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag ionstraimí eacnamaíocha, lena n-áirítear iad siúd faoi CBT a chuireann tacaíocht ar fáil d’fheirmeoirí, maidir le cuspóirí a bhaint amach a bhaineann le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus, go háirithe, úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a laghdú. Ní mór do na Ballstáit a léiriú ina bPleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT go rannchuidíonn cur chun feidhme CBT le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais agus a gcuspóirí agus go dtacaíonn sé leo, lena n-áirítear cuspóirí faoin Rialachán seo.

(19) Ar mhaithe le trédhearcacht agus chun dul chun cinn níos mó a spreagadh, is gá tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit i ndáil leis na spriocanna náisiúnta 2030 maidir le laghdú agus spriocanna náisiúnta táscacha eile maidir le laghdú a bhaint amach. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn bliantúil trí bhíthin tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme. Chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal comhlíontachta an Rialacháin seo ar bhealach cuíchóirithe, inchomparáide go héasca, ba cheart do na Ballstáit sonraí cainníochtúla a áireamh i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le húsáid, oiliúint, trealamh cur i bhfeidhm agus bainistiú comhtháite lotnaidí. Chun gur féidir leis an gCoimisiún dul chun cinn a spreagadh i dtreo spriocanna náisiúnta 2030 maidir le laghdú agus i dtreo spriocanna náisiúnta táscacha eile maidir le laghdú a bhaint amach, lena n-áirítear aon bhearta a thacaíonn leis an méid sin a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh gach 2 bhliain ar an dul chun cinn sin agus ar na bearta sin.

(20) Tá gá le cur chuige maidir le srianadh lotnaidí a leanann bainistiú comhtháite lotnaidí chun a áirithiú go ndéanfar breithniú cúramach ar gach modh atá ar fáil lena ndíspreagtar líon na n-orgánach díobhálach a fhorbairt, agus ag an am céanna úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a choinneáil ag leibhéil a bhfuil bonn cirt eacnamaíoch agus éiceolaíoch leo agus rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a íoslaghdú chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Cuireann ‘bainistiú comhtháite lotnaidí’ béim ar bharr sláintiúil a fhás agus an cur isteach is lú is féidir á dhéanamh ar agrai-éiceachórais, spreagann sé meicníochtaí nádúrtha rialaithe lotnaidí agus ní úsáideann sé rialú ceimiceach ach amháin nuair a bhíonn na modhanna rialaithe eile ar fad ídithe. Chun a áirithiú go gcuirfear bainistiú comhtháite lotnaidí chun feidhme go comhsheasmhach ar an talamh, is gá rialacha soiléire a leagan síos sa Rialachán seo. Chun cloí leis an oibleagáid maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a leanúint, ba cheart d’úsáideoir gairmiúil na modhanna agus na cleachtais uile lena seachnaítear úsáid táirgí cosanta plandaí a mheas agus a chur i bhfeidhm. Níor cheart táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a úsáid ach amháin nuair a bheidh na modhanna rialaithe eile ar fad ídithe. Chun comhlíonadh an cheanglais seo a áirithiú agus monatóireacht a dhéanamh air, tá sé tábhachtach go gcoinneodh úsáideoirí gairmiúla taifead ar na cúiseanna a leathann siad táirgí cosanta plandaí nó na cúiseanna le haon ghníomhaíocht eile a dhéantar i gcomhréir le bainistiú comhtháite lotnaidí agus an chomhairle a fhaightear chun tacú lena gcur chun feidhme ar bhainistiú comhtháite

---

Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

lotnaidí ó chomhairleoirí neamhspleácha. Tá na taifid sin ag teastáil freisin le haghaidh leathadh ón aer.

(21) Chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint, ba cheart don Choimisiún teimpléad caighdeánach a bhunú do na Ballstáit chun na taifid a choimeádann úsáideoirí gairmiúla de bhearta a dhéantar i gcomhréir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chomhtháthú leis na taifid a choimeádtar faoi Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(22) Chun comhlíonadh bainistithe comhtháite lotnaidí a éascú, is gá rialacha barrshonracha a leagan síos nach mór d'úsáideoir gairmiúil a leanúint i ndáil leis mbarr sonrach agus an réigiún sonrach ina n-oibríonn an t-úsáideoir gairmiúil. Ba cheart rialacha den sórt sin na ceanglais maidir le srianadh comhtháite lotnaidí a thiontú ina gcritéir infhíoraithe a bhaineann leis an mbarr sonrach. Chun a áirithiú go mbeidh na rialacha barrshonracha i gcomhréir leis na ceanglais a bhaineann le srianadh comhtháite lotnaidí, ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis an méid ba cheart a bheith iontu agus ba cheart don Choimisiún a bhforbairt, a gcur chun feidhme agus a bhforfheidhmiú ar an talamh a fhíorú.

(23) Chun a fhíorú go bhfuil úsáideoirí gairmiúla ag comhlíonadh bainistiú comhtháite lotnaidí, ba cheart clár um bainistiú comhtháite leictreonach lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí a choimeád chun comhlíonadh na rialacha maidir le srianadh comhtháite lotnaidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú agus tacú le forbairt bheartas an Aontais. Ba cheart rochtain ar an gclár a thabhairt freisin d'údaráis staidrimh náisiúnta chun staidreamh oifigiúil a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. Ba cheart taifead a dhéanamh sa chlár sin ar aon bheart coisctheach nó ar aon idirghabháil choisctheach agus ar na cúiseanna leis an mbeart coisctheach sin nó leis an idirghabháil choisctheach sin. Cuirfidh sé sin an fhaisnéis is gá ar fáil do na húdaráis inniúla chun a fhíorú an bhfuil próiseas cinnteoireachta déanta ag úsáideoir gairmiúil, i gcomhréir le srianadh comhtháite lotnaidí, sula gcinnfear an beart coisctheach sonrach nó an idirghabháil shonrach choisctheach. Ba cheart sonraí a bheith sa chlár freisin i ndáil leis an gcomhairle a theastaíonn go bliantúil chun tacú le srianadh comhtháite lotnaidí chun a fhíorú go bhfuil pleanáil fhadtéarmach straitéiseach den sórt sin á déanamh i ndáil le srianadh comhtháite lotnaidí.

(24) Chun a áirithiú go n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí agus an trealamh leata lena mbaineann ar bhealach a chosnaíonn sláinte an duine agus an comhshaol, is gá foráil a dhéanamh maidir le ceanglais ghinearálta ar úsáideoirí gairmiúla i ndáil leis an oiliúint is gá chun táirgí cosanta plandaí áirithe nó trealamh leata áirithe a úsáid, i ndáil le húsáid táirgí cosanta plandaí níos guaisí agus i ndáil leis an ngá ceanglais chigireachta le haghaidh trealamh leata in úsáid ghairmiúil a chomhlíonadh.

---

[32] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

(25) D’fhéadfadh tionchair dhiúltacha ar leith a bheith ag úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir áirithe atá in úsáid go minic ag an bpobal i gcoitinne nó ag grúpaí leochaileacha, i bpobail ina bhfuil cónaí ar dhaoine agus ina n-oibríonn siad agus i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de, amhail láithreáin Natura 2000 a chosnaítear i gcomhréir le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[34]. Má úsáidtear táirgí cosanta plandaí i limistéir atá in úsáid ag an bpobal i gcoitinne, bíonn féidearthacht ard ann go nochtfaí daoine do tháirgí cosanta plandaí den sórt sin. Chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, ba cheart, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar tháirgí cosanta plandaí a úsáid i limistéir íogaire agus laistigh de 3 mhéadar de na limistéir sin. Níor cheart maoluithe ón toirmeasc a cheadú ach amháin faoi choinníollacha áirithe agus ar bhonn cás ar chás.

(26) Tá an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil thar a bheith íogair i leith táirgí cosanta plandaí. Chun an comhshaol uisceach a chosaint, ba cheart, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar tháirgí cosanta plandaí a úsáid i limistéir uiscí dromchla agus thart timpeall orthu. Ba cheart bearta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun meathlú ar uisce dromchla agus screamhuisce agus ar uiscí cósta agus mara a sheachaint agus chun go mbeifear in ann stádas maith dromchla agus screamhuisce a bhaint amach, chun an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil a chosaint ar thionchar táirgí cosanta plandaí. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach oiliúint a chur ar úsáideoirí gairmiúla maidir le conas is féidir leataí de tháirgí áirithe cosanta plandaí a aicmítear mar tháirgí atá ‘díobhálach don saol uisceach a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘an-tocsaineach don saol uisceach a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu” nó ‘tocsaineach don saol uisceach a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ a íoslaghdú nó deireadh a chur leo. Tá sé tábhachtach freisin oiliúint a chur ar úsáideoirí gairmiúla maidir leis an tábhacht a bhaineann le tús áite a thabhairt do tháirgí cosanta plandaí nó do roghanna malartacha neamhcheimiceacha a mbaineann riosca íseal leo, do theicneolaíocht shruth-laghdaithe a úsáid agus do bhearta maolaithe riosca.

(27) Tagraíonn feirmeoireacht bheacht do chórais bainistithe talmhaíochta a chuireann bainistiú barr in oiriúint go cúramach chun bheith ag teacht le dálaí áitiúla amhail na coinníollacha a fhaightear laistigh de dháileachtaí talún. Tríd an teicneolaíocht atá ann cheana a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear úsáid sonraí agus seirbhísí spáis an Aontais (Galileo agus Copernicus), d’fhéadfaí úsáid lotnaidicídí a laghdú go suntasach. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le creat reachtach a dhreasaíonn forbairt na feirmeoireachta beachta. De ghnáth, ní bhíonn leathadh táirgí cosanta plandaí ó aerárthach, lena n-áirítear iad á leathadh le heitleáin, le héileacaptair agus le dróin, chomh beacht le modhanna eile úsáide agus dá bhrí sin d’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le tionchair dhíobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar leathadh ón aer, le maoluithe teoranta ar bhonn cás ar chás i gcás inar lú an tionchar diúltach a bheidh aige ar shláinte an duine agus ar an

---

33 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

34 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

gcomhshaol ná aon mhodh eile leata nó nach bhfuil aon mhodh inmharthana malartach leata ann. Is gá freisin taifead a dhéanamh ar líon na leataí ón aer a rinneadh ar bhonn na gceadanna a deonaíodh le haghaidh leathadh ón aer chun sonraí soiléire a fháil ar cé mhéad leathadh ón aer ar deonaíodh cead ina leith i ndáiríre.

(28) Is dócha, áfach, go mbeifear in ann leathadh spriocdhírithe táirgí cosanta plandaí a dhéanamh le haerárthaí gan foireann (lena n-áirítear dróin). Is dócha go gcuideoidh aerárthaí gan foireann den sórt sin le laghdú a dhéanamh ar úsáid táirgí cosanta plandaí a bhuí leis an leathadh spriocdhírithe agus, dá bhrí sin, cuideoidh siad leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú i gcomparáid le húsáid trealaimh leata talamhbhunaithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, critéir a leagan síos sa Rialachán seo maidir le haerárthaí áirithe gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc ar leathadh ón aer. Is iomchuí freisin cur i bhfeidhm na díolúine sin a chur siar go ceann 3 bliana i bhfianaise staid na héiginnteachta eolaíche atá ann faoi láthair.

(29) Tá baol ar leith ann go mbeidh daoine agus an comhshaol i mbaol nochta má dhéantar táirgí cosanta plandaí a láimhseáil, lena n-áirítear táirgí den sórt sin a stóráil, a chaolú agus a mheascadh, trealamh úsáide a ghlanadh tar éis a n-úsáide, meascáin umar a dhiúscairt agus pacáistíocht fholamh agus iarsmaí táirgí cosanta plandaí a dhiúscairt. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí sin. A mhéid a éilíonn úsáid, stóráil agus diúscairt táirgí cosanta plandaí go gcomhlíonfar na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, leagtar síos na ceanglais sin, *inter alia*, le Treoir 89/391/CEE ón gComhairle[35], Treoir 89/656/CEE ón gComhairle[36], Treoir 98/24/CE ón gComhairle[37], Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] agus Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39].

(30) I bhfianaise thábhacht na comhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid mar mhodh chun tacú lena n-úsáid ar bhealach a chosnaíonn sláinte an duine agus an comhshaol i gcomhréir le bainistiú comhtháite lotnaidí, tá sé tábhachtach oiliúint leordhóthanach a chur ar chomhairleoirí.

(31) Is gné thábhachtach den slabhra dáileacháin é táirge cosanta plandaí a dhíol toisc gur féidir le dáileoirí an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil chun tacú lena úsáid chuí dá

---

35 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

36 Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta d'úsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibrithe ar an láthair oibre (an tríú treoir ar leith d'Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18).

37 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

38 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghinigh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

39 Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na ceanglais íosta sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ag an obair (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 260, 3.10.2009, lch. 5).

bharr. Ba cheart comhairle shonrach a bheith ar fáil faoi threoracha sábháilteachta maidir le sláinte an duine agus maidir leis an gcomhshaol don cheannaitheoir nó don úsáideoir deiridh tráth an díola chun gur féidir ceisteanna a fhreagairt a éascóidh úsáid cheart an táirge cosanta plandaí ábhartha. I gcás úsáideoirí neamhghairmiúla, ba cheart faisnéis ghinearálta a bheith ar fáil ag an bpointe díola maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid, a láimhseáil agus a stóráil go sábháilte agus maidir le pacáistíocht táirgí den sórt sin a dhiúscairt, ós rud é nach mbíonn an t-eolas praiticiúil céanna ag na húsáideoirí sin de ghnáth agus atá ag úsáideoirí gairmiúla.

(32) Tá sé riachtanach do na Ballstáit córais oiliúna tosaigh agus leantacha a chur ar bun agus a chothabháil le haghaidh dáileoirí, comhairleoirí agus úsáideoirí gairmiúla na dtáirgí cosanta plandaí agus na gcóras deimhniúcháin chun an oiliúint sin a thaifeadadh, chun a áirithiú go bhfuil na hoibreoirí sin go hiomlán ar an eolas faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol agus faoi na bearta iomchuí chun na rioscaí sin a laghdú a mhéid is féidir. Ba cheart an oiliúint do chomhairleoirí a bheith níos fairsinge ná oiliúint dáileoirí agus úsáideoirí gairmiúla ós rud é gur gá dóibh a bheith in ann tacú le cur chun feidhme cuí na rialacha comhtháite bainistithe lotnaidí agus barrshonracha. Ní mór úsáid nó ceannach táirge cosanta plandaí atá údaraithe d'úsáid ghairmiúil a bheith teoranta do dhaoine a bhfuil deimhniú oiliúna acu. Ina theannta sin, chun a áirithiú go n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí ar bhealach sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol, ba cheart é a bheith de cheangal ar dháileoirí faisnéis shonrach faoi tháirge a chur ar fáil ag an díolphointe do cheannaitheoirí gairmiúla agus neamhghairmiúla de tháirgí cosanta plandaí.

(33) Chun cur chuige pleanáilte a áirithiú maidir le teicnící díobhálacha rialaithe orgánach ar fud roinnt séasúir fáis chun úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a íoslaghdú a mhéid is féidir agus chun a áirithiú go gcuirfear bainistiú comhtháite lotnaidí chun feidhme mar is ceart, ba cheart ceangal a chur ar úsáideoirí gairmiúla dul i gcomhairle go rialta le comhairleoirí neamhspleácha maidir le bainistiú lotnaidí, ionas nach n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí ach amháin mar rogha dheiridh.

(34) I bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol ó úsáid táirgí cosanta plandaí, ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis níos fearr maidir leis na tionchair fhoriomlána a bhíonn ag úsáid na dtáirgí sin trí chláir múscailte feasachta, trí fhaisnéis a chuirtear ar aghaidh trí dháileoirí agus trí bhearta iomchuí eile.

(35) Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na treochtaí maidir le teagmhais géarnimhithe agus nimhiú ainsealach a eascraíonn as nochtadh daoine do tháirgí cosanta plandaí, ba cheart do gach Ballstát faisnéis a thiomsú faoi threochtaí den sórt sin. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh freisin ar na treochtaí foriomlána ar leibhéal an Aontais.

(36) Chun drochthionchar táirgí cosanta plandaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú, is gá foráil a dhéanamh maidir le córais chun cigireacht theicniúil rialta a dhéanamh ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil. I bhfianaise an laghdaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an trealamh úsáide in úsáid ghairmiúil ar scála an-íseal úsáide, is iomchuí freisin cead a thabhairt do na Ballstáit ceanglais iniúchta nach bhfuil chomh dian céanna a leagan síos agus foráil a dhéanamh maidir le heatraimh éagsúla chigireachta i ndáil leis an trealamh sin. Thairis sin, i ngeall ar an gcostas réasúnta íseal a bhaineann le trealamh nua úsáide láimhe agus spraeirí cnap a cheannach i gcomparáid le costais na cigireachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an

bhféidearthacht maoluithe náisiúnta a dhéanamh ar an gcigireacht éigeantach ar threalamh den sórt sin, faoi réir measúnú riosca a dhéanamh a chumhdaíonn na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le trealamh den sórt sin. Ba cheart meastachán ar scála úsáide an trealaimh a áirithiú sa mheasúnú sin. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chigireachta, is gá a cheangal ar gach Ballstát clár trealaimh leata a bhunú atá in úsáid go gairmiúil agus an clár sin a choimeád cothrom le dáta. Ós rud é nach bhfuil aitheantóirí uathúla ag cuid den trealamh leata, is gá foráil a dhéanamh maidir le haitheantóir uathúil a sholáthar don trealamh leata sin chun a áirithiú go ndéantar gach trealamh a shainaithint go fisiciúil.

(37) Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na rioscaí agus na tionchair dhíobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ó úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú, is gá leanúint ag baint úsáide as an gcóras táscairí riosca comhchuibhithe a bunaíodh faoi Threoir (AE) 2009/128/CE.

(38) Ba cheart sonraí staidrimh maidir le táirgí cosanta plandaí arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] a úsáid chun na táscairí riosca comhchuibhithe seo a ríomh agus chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna ceangailteacha de chuid an Aontais agus spriocanna náisiúnta ceangailteacha a bhaint amach bunaithe ar an Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’. Ós rud é go n-athraíonn úsáid lotnaidicídí idir na blianta, ag brath ar an aimsir go háirithe, is iomchuí tréimhse bunlíne trí bliana a bheith ann chun na luaineachtaí sin a chur san áireamh. Is é 2011-2013 an tréimhse bhunlíne chun táscairí riosca comhchuibhithe 1 agus 2 a ríomh, mar ba é sin an chéad tréimhse trí bliana a bhfuair an Coimisiún sonraí ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 agus tá sí i gcomhthráth le teacht i bhfeidhm Threoir 2009/128/CE. Is é 2015-2017 an tréimhse bhunlíne chun dul chun cinn a ríomh i dtreo spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030, ós rud é gurb é sin na trí bliana is déanaí a raibh sonraí ar fáil ina leith tráth a fógraíodh an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc’. Is é 2022-2024 an tréimhse bhunlíne chun táscaire riosca comhchuibhithe nua 2a a ríomh, mar is é seo an chéad tréimhse trí bliana a mbeidh sonraí ar fáil ina leith ar na limistéir a gcaitear leo faoi gach údarú le haghaidh staid éigeandála maidir le cosaint plandaí.

(39) Faoi láthair, is iad na sonraí stóinsithe staidrimh amháin atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus a bhaineann le margú agus úsáid táirgí cosanta plandaí an staidreamh maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh, agus na sonraí maidir leis an líon údaruithe le haghaidh staideanna éigeandála i gcosaint plandaí arna ndeonú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Úsáidtear an staidreamh sin nuair atá táscairí riosca comhchuibhithe 1 agus 2 faoi Threoir 2009/128/CE á ríomh agus dul chun cinn á ríomh i dtreo spriocanna laghdaithe ceangailteacha de chuid an Aontais le haghaidh 2030 agus i dtreo spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 bunaithe ar an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc’. Ríomhfar an táscaire riosca comhchuibhithe nua 2a agus úsáid á baint as staidreamh maidir le líon na n-údaruithe le haghaidh cásanna éigeandála i gcosaint plandaí, airíonna na substaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta

[40] Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh i dtaca le lotnaidicídí (IO L 324, 10.12.2009, lch. 1).

plandaí atá faoi réir na n-údaruithe sin, agus na limistéir ar cuireadh cóireáil orthu faoi na húdaruithe sin chun cainníochtú níos fearr a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as údaruithe le haghaidh cásanna éigeandála i gcosaint plandaí.

(40) Ar chúiseanna trédhearcachta, agus chun cur chun feidhme aonfhoirmeach ag na Ballstáit uile a áirithiú, ba cheart an mhodheolaíocht chun an dul chun cinn i dtreo an dá sprioc náisiúnta laghdaithe agus an dá sprioc náisiúnta 2030 a bhaint amach agus an mhodheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a leagan amach in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(41) Aithnítear i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 an gá atá le gníomhaíocht phráinneach chun an bhithéagsúlacht a chosaint. Tá fianaise ann go bhfuil laghdú forleathan ar speicis, go háirithe feithidí agus pailneoirí san Aontas. Tá cailliúint bithéagsúlachta ann, i measc tosca eile, mar gheall ar úsáid táirgí cosanta plandaí, agus níl gníomhaíochtaí na mBallstát faoi ionstraimí beartais reatha an Aontais fós in ann deireadh a chur leis an treocht sin maidir le cailliúint bithéagsúlachta. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí sa chaoi go maolófar an riosca go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag na táirgí sin ar fhiadhúlra, trí bhíthin roinnt beart lena n-áirítear oiliúint, cigireacht ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil agus cosaint an chomhshaoil uiscigh agus limistéar íogair.

(42) Chun cumarsáid a éascú idir an Coimisiún agus na húdaráis inniúla atá freagrach as an Rialachán seo a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoin Rialachán seo.

(43) Chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhforfheidhmeofar na rialacha sin. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá sé tábhachtach freisin foráil a dhéanamh go ngnóthóidh na Ballstáit costais a bhaineann le hoibleagáidí a chur i gcrích faoin Rialachán seo trí bhíthin táillí nó muirir chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais ar fáil d'údaráis inniúla.

(44) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar na rioscaí agus ar na tionchair a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí agus chun na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais a bhaint amach go leordhóthanach, a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge a n-úsáide agus de bharr chastacht agus éifeachtaí na bpróifílí riosca a bhaineann leo, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(45) Maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann na húdaráis inniúla, nó comhlachtaí eile nó daoine nádúrtha ar tarmligeadh cúraimí i ndáil le rialú oifigiúil chucu, chun a fhíorú go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag oibreoirí, cé is moite de chúraimí rialaithe a bhaineann le trealamh a úsáidtear chun táirgí cosanta plandaí a chur i bhfeidhm, rialaítear iad le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle.[41] Dá bhrí sin, ní gá foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo ach amháin maidir le rialuithe agus iniúchtaí i ndáil le cigireacht ar threalamh feidhme in úsáid ghairmiúil.

(46) Chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le hoibleagáidí úsáideoirí gairmiúla agus comhairleoirí a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí, cigireacht ar threalamh iarratais in úsáid ghairmiúil, táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh, na sonraí atá le soláthar i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme agus an fhoirm fógartha maidir le trealamh iarratais chomh maith le hIarscríbhinní II III, IV, Iarscríbhinn V agus VI. Mar an gcéanna, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir bheachta a shonrú i ndáil le tosca áirithe a bhaineann le haerárthaí gan foireann, a luaithe a bheifear in ann critéir bheachta den sórt sin a fhorbairt le dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[42]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(47) Chun a mheas an mbaintear cuspóirí an Rialacháin seo amach go héifeachtach agus go héifeachtúil, an bhfuil an Rialachán comhleanúnach agus an bhfuil sé fós ábhartha agus an gcuireann sé breisluach ar fáil ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo.

(48) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na hiontrálacha a bheidh le déanamh ag úsáideoirí gairmiúla sa chlár leictreonach comhtháite bainistithe lotnaidí agus úsáide táirgí cosanta plandaí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an

---

41 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

42 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

achoimre agus anailís a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis atá sa chlár sin agus chun faisnéis a sholáthar maidir le teagmhais ghéarnimhithe agus nimhiú ainsealach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].

(49) Mar thoradh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo ag na Ballstáit, beidh oibleagáidí nua agus feabhsaithe ar fheirmeoirí agus ar úsáideoirí lotnaidicídí eile. Is ceanglais bhainistíochta reachtúla agus caighdeáin maidir le dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil talún atá i gceist le cuid acu mar a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44], nach mór d'fheirmeoirí a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an Rialachán sin, chun íocaíochtaí CBT a fháil, cé go bhféadfar ceanglais eile, a théann thar bhunlíne na gceanglas éigeantach, a chúiteamh le híocaíochtaí breise faoi chórais dheonacha amhail éiciscéimeanna de bhun Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115. Foráiltear le hAirteagal 31(5), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 70(3), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2021/2115 nach bhfuil cistiú CBT ar fáil ach amháin do chleachtais a chuirtear chun feidhme faoi éiciscéim nó faoi ghealltanas agra-chomhshaoil-aeráide a théann thar na ceanglais reachtúla bainistíochta ábhartha agus caighdeáin dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil talún a bhunaítear faoin Rialachán sin agus na híoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí, leas ainmhithe, chomh maith le ceanglais éigeantacha ábhartha eile arna mbunú le dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. Ós rud é gur gá tacaíocht airgeadais a thabhairt d'fheirmeoirí agus d'úsáideoirí eile agus iad ag aistriú chuig úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí, ní mór Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun go bhféadfar na ceanglais arna bhforchur i gcomhréir leis an Rialachán seo a mhaoiniú le linn idirthréimhse. An rogha eisceachtúil seo do Bhallstáit cistiú breise a chur ar fáil do bhearta a ghlactar agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le haon oibleagáid ar fheirmeoirí agus ar úsáideoirí eile a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear cleachtais shainordaitheacha feirmeoireachta a fhorchuirtear leis na rialacha barrshonracha le haghaidh bainistiú comhtháite lotnaidí. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 73(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfar tacú le hinfheistíochtaí ó fheirmeoirí chun ceanglais nua a fhorchuirtear le dlí an Aontais a chomhlíonadh go ceann uastréimhse 24 mhí ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart idirthréimhse níos faide a leagan amach d'infheistíochtaí a chomhlíonann na ceanglais a fhorchuirtear ar fheirmeoirí i gcomhréir leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú dá réir.

---

43 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

44 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

(50) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar ionas go bhféadfaidh údaráis inniúla agus oibreoirí ullmhú do na ceanglais a thugann sé isteach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí trí fhoráil a dhéanamh go socrófar agus go mbainfear amach faoi 2030 spriocanna laghdaithe maidir le húsáid agus riosca táirgí cosanta plandaí ceimiceacha, ceanglais a bhunú maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid, a stóráil, a dhíol agus a dhiúscairt agus maidir le trealamh leata, foráil a dhéanamh maidir le hoiliúint agus feasacht a ardú, agus foráil a dhéanamh maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí, san fhoirm ina soláthrófar don úsáideoir iad, arb é a bheidh iontu substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgígh nó a mbeidh substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgígh iontu agus a bheartaítear le haghaidh ceann amháin de na húsáidí seo a leanas:

(a) plandaí nó táirgí plandaí a chosaint ar gach orgánach díobhálach nó gníomh orgánach den sórt sin a chosc, mura rud é go meastar maidir leis na táirgí seo gurb é atá mar phríomhchuspóir dóibh ná cuspóir atá ar mhaithe le sláinteachas seachas plandaí a chosaint nó táirgí plandaí a chosaint;

(b) tionchar a imirt ar phróisis saoil plandaí, amhail substaintí a imríonn tionchar ar a bhfás, seachas mar chothaitheach nó mar bhithspreagthach plandaí;

(c) táirgí plandaí a chaomhnú, a mhéid nach bhfuil substaintí nó táirgí den sórt sin faoi réir fhorálacha speisialta an Aontais maidir le leasaithigh;

(d) plandaí míchuibhiúla nó codanna míchuibhiúla de phlandaí a scriosadh, seachas algaí mura rud é go n-úsáidtear na táirgí ar ithir nó ar uisce chun plandaí a chosaint;

(e) fás míchuibhiúil plandaí a sheiceáil nó a chosc seachas algaí mura rud é go n-úsáidtear na táirgí ar ithir nó ar uisce chun plandaí a chosaint.

Gairtear 'táirgí cosanta plandaí' de na táirgí seo.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'táirge cosanta plandaí ceimiceach' táirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach cheimiceach, cé is moite de tháirgí plandaí ina n-úsáidtear modhanna nádúrtha de thionscnamh bitheolaíoch nó substaintí atá comhionann leo,

amhail miocrorgánaigh, séimiceimiceáin, úisc ó tháirgí plandaí mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, nó macra-orgánaigh inveirteabracha;

(2) ciallaíonn ‘táirge cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leis’ táirge cosanta plandaí a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;

(3) ciallaíonn ‘substaint ghníomhach cheimiceach’ substaint ghníomhach seachas miocrorgánaigh, séimiceimiceáin agus úisc ó tháirgí plandaí mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;

(4) ciallaíonn ‘bithéagsúlacht’ bithéagsúlacht mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(29) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;

(5) ciallaíonn ‘táirge cosanta plandaí níos guaisí’ táirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus atá liostaithe i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408;

(6) ciallaíonn ‘limistéar talmhaíochta atá in úsáid’ speicis choimhthíocha ionracha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (e) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45];

(7) ciallaíonn ‘úsáideoir gairmiúil’ aon duine a úsáideann táirge cosanta plandaí le linn a ngníomhaíochtaí gairmiúla;

(8) ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine a chuireann táirge cosanta plandaí ar fáil ar an margadh, lena n-áirítear mórdhíoltóir, soláthróir nó miondíoltóir;

(9) ciallaíonn ‘comhairleoir’ aon duine a thugann comhairle maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí agus maidir le húsáid shábháilte táirgí cosanta plandaí, i gcomhthéacs acmhainneacht ghairmiúil nó seirbhís tráchtála, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha príobháideacha agus poiblí;

(10) ciallaíonn ‘trealamh leata’ aon trealamh a bhfuil a úsáid intuartha go réasúnach tráth an mhonaraithe agus gabhálais atá riachtanach d’oibriú éifeachtach an trealaimh sin, cé is moite de threalamh atá ceaptha chun ábhar iomadaithe a chóireáiltear le táirgí cosanta plandaí a chur nó a phlandú;

(11) ciallaíonn ‘trealamh leata in úsáid ghairmiúil’ aon cheann díobh seo a leanas:

(a) trealamh leata a úsáideann úsáideoir gairmiúil chun táirgí cosanta plandaí a leathadh;

---

[45] Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1).

(b) trealamh leata a bhfuil búmanna cothrománacha nó ingearacha nó spraeirí soinneáin úlloird, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil sé in úsáid chun táirgí cosanta plandaí a úsáid;

(12) ciallaíonn 'leathadh ón aer' táirge cosanta plandaí a leathadh ó aerárthach;

(13) ciallaíonn 'aerárthach gan foireann' aon aerárthach a oibríonn go huathrialach nó atá deartha le hoibriú go huathrialach gan píolóta ar bord;

(14) ciallaíonn 'táirge cosanta plandaí atá údaraithe le haghaidh úsáid ghairmiúil' táirge cosanta plandaí a údaraíodh d'úsáideoirí gairmiúla amháin i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;

(15) ciallaíonn bainistiú comhtháite lotnaidí breithniú cúramach ar gach modh atá ar fáil lena ndíspreagtar líon na n-orgánach díobhálach a fhorbairt, agus ag an am céanna úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a choinneáil ag leibhéil a bhfuil bonn cirt eacnamaíoch agus éiceolaíoch leo agus rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a íoslaghdú;

(16) ciallaíonn 'limistéar íogair' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) limistéar atá in úsáid ag an bpobal i gcoitinne, amhail páirc phoiblí nó gairdín poiblí, faichí áineasa nó spóirt, nó conair phoiblí;

(b) limistéar atá in úsáid ag grúpa leochaileach mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(14) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;

(c) lonnaíochtaí daonna (comhphobal ina gcónaíonn daoine agus ina n-oibríonn siad), a shainmhínítear mar an córas is cothroime le dáta de chuid CORINE (Comhordú na faisnéise ar an gComhshaol), córas arna chothabháil ag Rangú Chumhdach Talún 1 (Dromchlaí Saorga) (Leibhéal 2 – 1.2 as an áireamh): Aonaid thionsclaíocha, tráchtála agus iompair agus Leibhéal 2-1.3: Láithreáin mhianaigh, dhumpála agus tógála)[46];

(d) limistéar uirbeach atá cumhdaithe le sruthchúrsa nó gné uisce;

(e) limistéir neamhtháirgiúla mar a shainítear iad faoi chaighdeáin an Aontais maidir le dea-bhail talmhaíochta agus comhshaoil na talún (GAEC), caighdeán 8 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

(f) 'limistéar íogair', rud a chiallaíonn aon cheann díobh seo a leanas:

(i) aon limistéar faoi chosaint faoi Threoir 2000/60/CE, lena n-áirítear criosanna cosanta a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le modhnuithe ar na limistéir sin tar éis thorthaí an mheasúnaithe riosca ar na pointí

[46] Féach tiontú ainmníocht an Chumhdaigh Talún CORINE go córas Aicmiú an Chumhdaigh Talún (https://land.copernicus.eu/user-corner/technical-library/corine-land-cover-nomenclature-guidelines/html) agus fardal an Chumhdaigh Talún CORINE (CLC) (Cumhdach Talún CORINE – Seirbhís Faireacháin Talún Copernicus).

astarraingthe uisce óil faoi Threoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47];

(ii) láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 92/43/CEE agus na limistéir chaomhantais speisialta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Treoir sin, agus limistéir chosanta speisialta arna n-aicmiú de bhun Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE, agus aon limistéar cosanta náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil eile arna thuairisciú ag na Ballstáit don fhardal atá ainmnithe go náisiúnta faoi chosaint (CDDA);

(iii) aon limistéar ar ina leith a shuíonn an faireachán ar speicis phailneoirí arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 17(1), pointe (f) de Rialachán xxx/xxx [*tagairt don ghníomh glactha le cur isteach*] go gcothaíonn sé speiceas pailneoirí amháin nó níos mó a aicmítear mar speiceas atá faoi bhagairt díothaithe.

(17) ciallaíonn ‘ lotnaid choraintín’ aon lotnaid choraintín mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48];

(18) ‘ciallaíonn ‘speicis choimhthíocha ionracha’ speicis choimhthíocha ionracha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 2, de Rialachán (AE) 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49];

(19) ciallaíonn ‘uisce dromchla’ dobharlach dromchla mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir 2000/60/CE;

(20) ciallaíonn ‘screamhuisce’ dobharlach screamhuisce mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (2) de Threoir 2000/60/CE

(21) ciallaíonn ‘táscaire riosca’ tomhas a léiríonn an t-athrú coibhneasta ar na rioscaí do shláinte an duine nó don chomhshaol a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí, agus a ríomhtar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI;

(22) ciallaíonn ‘modhanna neamhcheimiceacha’ malairtí ar tháirgí cosanta plandaí ceimiceacha;

(23) ciallaíonn ‘rialú bitheolaíoch’ orgánaigh atá díobhálach i leith plandaí nó táirgí plandaí a rialú trí úsáid a bhaint as modhanna nádúrtha de thionscnamh bitheolaíoch nó substaintí atá comhionann leo, amhail miocrorgánaigh, séimiceimiceáin, úisc ó

---

47 Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1).

48 Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

49 Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

tháirgí plandaí mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, nó macra-orgánaigh inveirteabracha.

CAIBIDIL II

SPRIOCANNA LAGHDAITHE LE hAGHAIDH TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ CEIMICEACHA

Airteagal 4

Spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 i gcás táirgí cosanta plandaí ceimiceacha

1. Rannchuideoidh gach Ballstát, trí spriocanna náisiúnta a ghlacadh agus a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 5 chun laghdú 50 % ar fud an Aontais a bhaint amach faoi 2030 maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo (‘sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030’) agus maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí atá níos guaisí (‘sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030’), i gcomparáid le meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017 (dá ngairtear ‘spriocanna laghdaithe de an Aontais le haghaidh 2030’ i dteannta a chéile).

2. Is ar bhonn bliantúil a ríomhfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo bhaint amach spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 5

Spriocanna laghdaithe 2030 de chuid na mBallstát le haghaidh táirgí cosanta plandaí ceimiceacha

1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta – 6 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*] glacfaidh gach Ballstát spriocanna náisiúnta ina reachtaíocht náisiúnta chun laghdú, arna shocrú i gcomhréir leis an Airteagal seo, ó mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017 a bhaint amach, faoin mbliain 2030:

   (a) úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (‘sprioc laghdaithe náisiúnta 1 le haghaidh 2030’);

   (b) úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha níos guaisí mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (‘sprioc laghdaithe náisiúnta 2 le haghaidh 2030’).

   Chun críocha an Rialacháin seo, is i dteannta a chéile a thagraítear do dhá sprioc laghdaithe náisiúnta a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír mar ‘spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030’.

2. Is ar bhonn bliantúil a ríomhfaidh an Coimisiún dul chun cinn gach Ballstáit i dtreo bhaint amach spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

3. Bainfidh gach Ballstát na spriocanna dá dtagraítear i mír 1 amach faoi 2030. Maidir le Ballstát a bhaineann leibhéal ceann amháin dá spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 amach roimh 2030, ní cheanglófar air iarrachtaí breise laghdaithe a

dhéanamh. Déanfaidh sé faireachán ar luaineachtaí bliantúla chun an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an sprioc laghdaithe náisiúnta sin le haghaidh 2030 a choimeád.

4. Faoi réir mhíreanna 5 go 8, socrófar spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 ar an leibhéal sin chun laghdú a bhaint amach idir meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017 agus an bhliain 2030 sa Bhallstát ábhartha atá comhionann le 50 % ar a laghad.

5. Féadfaidh Ballstát a sprioc náisiúnta maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo dá dtagraítear i mír 4 a laghdú go céatadán a bheidh ina lárphointe idir an figiúr a bhaineann le déine mar atá leagtha síos sa dara fomhír den mhír seo agus an figiúr a bhaineann leis an úsáid agus leis an riosca a leagtar síos sa tríú fomhír den mhír seo. I gcás ina bhfuil an céatadán sin níos airde ná 50 %, méadóidh an Ballstát a sprioc náisiúnta go dtí an céatadán sin.

Is mar a seo leanas a bheidh an figiúr a bhaineann le déine:

(a) 35 % i gcás inar lú ná 70 % de mheán an Aontais an déine ualaithe ó thaobh úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo i rith mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017;

(b) 50 % i gcás ina bhfuil an déine ualaithe ó thaobh úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo i rith mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017 idir 70 % agus 140 % de mheán an Aontais;

(c) 65 % i gcás inar mó ná 140 % de mheán an Aontais an déine ualaithe ó thaobh úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo i rith mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017.

Is mar a seo leanas a bheidh an figiúr a bhaineann le húsáid agus riosca:

(a) i gcás ina mbeidh laghdú níos mó bainte amach ag Ballstát in úsáid na dtáirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo ná meán an Aontais idir meán na mblianta 2011, 2012 agus 2013 agus meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017, figiúr a shuitear tríd an difríocht idir an laghdú a bhaintear amach agus meánlaghdú an Aontais a dhealú ó 50 %;

(b) i gcás inar mhéadaigh Ballstát úsáid na dtáirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo, nó i gas ina bhfuil méadú níos lú ná meán an Aontais déanta aige idir meán na mblianta 2011, 2012 agus 2013 agus meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017, figiúr a shuitear tríd an difríocht idir an laghdú a bhaintear amach nó, de réir mar is infheidhme, an méadú agus meánlaghdú an Aontais a chur le 50 %, ach gan 70 % a shárú.

Chun críocha na míre seo ciallaíonn ‘déine ualaithe úsáide agus riosca táirgí cosanta plandaí ceimiceacha’ luach a chomhfhreagraíonn do chileagraim substaintí gníomhacha ceimiceacha i dtáirgí cosanta plandaí a dhíoltar in aghaidh na bliana i mBallstát, arna ualú de réir a n-ualuithe guaise mar a leagtar amach i ró (iii) de Thábla Iarscríbhinn I, arna roinnt ar líon na heicteár den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa Bhallstát sin.

6. Féadfaidh Ballstát a sprioc náisiúnta maidir le húsáid na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí dá dtagraítear i mír 4 a laghdú go céatadán a bheidh ina lárphointe idir an figiúr a bhaineann le déine mar atá leagtha síos sa dara fomhír den mhír seo agus an figiúr a bhaineann leis an úsáid a leagtar síos sa tríú fomhír den mhír seo. I gcás ina bhfuil an céatadán sin níos airde ná 50 %, méadóidh an Ballstát a sprioc náisiúnta go dtí an céatadán sin.

Is mar a seo leanas a bheidh an figiúr a bhaineann le déine:

(a) 35 % i gcás inar lú ná 70 % de mheán an Aontais déine úsáide na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí i rith mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017;

(b) 50 % i gcás ina bhfuil dhéine úsáide na dtáirgí cosanta plandaí i rith mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017 idir 70 % agus 140 % de mheán an Aontais;

(c) 65 % i gcás inar mó ná 140 % de mheán an Aontais déine úsáide na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí i rith mheán na mblianta 2015, 2016 agus 2017.

Is mar a seo leanas a bheidh an figiúr a bhaineann le húsáid:

(a) i gcás ina mbeidh laghdú níos mó bainte amach ag Ballstát in úsáid na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí ná meán an Aontais idir meán na mblianta 2011, 2012 agus 2013 agus meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017, figiúr a shuitear tríd an difríocht idir an laghdú a bhaintear amach agus meánlaghdú an Aontais a dhealú ó 50 %;

(b) i gcás inar mhéadaigh Ballstát úsáid na dtáirgí cosanta plandaí ceimiceacha níos guaisí, nó i gas ina bhfuil méadú níos lú ná meán an Aontais déanta aige idir meán na mblianta 2011, 2012 agus 2013 agus meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017, figiúr a shuitear tríd an difríocht idir an laghdú a bhaintear amach nó, de réir mar is infheidhme, an méadú agus meánlaghdú an Aontais a chur le 50 %, ach gan 70 % a shárú.

Chun críocha na míre seo ciallaíonn ‘déine úsáide na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí’ luach a chomhfhreagraíonn do chileagraim na substaintí gníomhacha ceimiceacha sna táirgí cosanta plandaí níos guaisí a dhíoltar in aghaidh na bliana sa Bhallstát lena mbaineann, arna roinnt ar líon na heicteár den limistéar talmhaíochta a úsáidtear sa Bhallstát sin.

7. Féadfaidh Ballstáit ina bhfuil na réigiúin is forimeallaí, mar a liostaítear iad in Airteagal 349 den Chonradh, riachtanais shonracha na réigiún sin a chur san áireamh a mhéid a bhaineann le táirgí cosanta plandaí a úsáid agus spriocanna náisiúnta laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 á nglacadh acu, mar gheall ar na dálaí aeráide agus barra ar leith sna réigiúin sin.

8. Ní fhéadfaidh an toradh ar mhíreanna 5, 6 agus 7 a chur i bhfeidhm sa tslí go mbeidh ceachtar de na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 níos ísle ná 35 %.

9. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta – 7 mí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh gach Ballstát a spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 in iúl don Choimisiún.

10. Mura nglacfaidh Ballstát sprioc laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 faoin ... [*Iris Oifigiúil: cuir isteach an dáta – 6 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], measfar gurb é 50 % an sprioc sin; Nó, i gcás ina mbeadh an céatadán níos mó ná 50 % i gcomhréir le mír 5 nó mír 6, an céatadán níos airde sin.

Airteagal 6

Measúnú tosaigh an Choimisiúin ar spriocanna náisiúnta

1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a cuireadh in iúl dó i gcomhréir le hAirteagal 5(9) agus ar an bhfaisnéis ina bhfuil míniú ar aon laghdú ar na spriocanna a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(5) nó le hAirteagal 5(6).

2. I gcás ina dtiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn na faisnéise a cuireadh ar fáil dó, gur gá na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a chuir Ballstát in iúl a shocrú ar leibhéal níos uaillmhianaí, déanfaidh sé, faoin … [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta , – bliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], a mholadh don Bhallstát sin leibhéal na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a ardú. Déanfaidh an Coimisiún an moladh sin a chur ar fáil go poiblí.

3. I gcás ina gcoigeartóidh Ballstát na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 de réir mar a mhol an Coimisiún, leasfaidh sé na spriocanna náisiúnta atá socraithe ina reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 5 agus cuirfidh sé na spriocanna coigeartaithe ina phlean gníomhaíochta náisiúnta mar aon leis an moladh ón gCoimisiún.

4. I gcás ina gcinnfidh Ballstát gan na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030, de réir mar a mhol an Coimisiún, a choigeartú, cuirfidh sé na húdair leis an gcinneadh sin ina phlean gníomhaíochta náisiúnta mar aon le téacs an mholta.

5. Na Ballstáit a fuair moladh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh sé na spriocanna, nó an t-údar atá le gan iad a choigeartú, de réir mar is infheidhme, in iúl don Choimisiún faoin [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta , – 18 mí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

6. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar leibhéal spriocanna laghdaithe náisiúnta gach Ballstáit le haghaidh 2030 a socraíodh i gcomhréir le hAirteagal 5, fíoróidh an Coimisiún an bhfuil meán na spriocanna sin cothrom le 50 % chun go mbainfear amach an sprioc laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a fhreagraíonn dó sin.

7. Más lú ná 50 % meán spriocanna laghdaithe náisiúnta gach Ballstáit le haghaidh 2030, molfaidh an Coimisiún go n-ardóidh Ballstát amháin nó níos mó leibhéal na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 chun go mbainfear amach spriocanna laghdaithe an Aontais le haghaidh 2030. Déanfaidh an Coimisiún aon mholadh den chineál sin a chur ar fáil go poiblí.

8. Laistigh de mhí amháin tar éis dó an moladh dá dtagraítear i mír 7 a fháil, déanfaidh Ballstát ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a choigeartú de réir mar a mhol an Coimisiún, na spriocanna atá socraithe ina reachtaíocht náisiúnta a leasú i gcomhréir le hAirteagal 5 agus na spriocanna coigeartaithe a chur ina phlean gníomhaíochta náisiúnta mar aon leis an moladh ón gCoimisiún;

   (b) údair a thabhairt le gan a spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a choigeartú de réir mar a mhol an Coimisiún, agus na húdair leis an gcinneadh sin a chur ina phlean gníomhaíochta náisiúnta mar aon le moladh an Choimisiúin.

Airteagal 7

An Coimisiún treochtaí spriocanna 2030 an Aontais maidir le laghdú a fhoilsiú

1. Faoin 31 Lúnasa gach bliain féilire, foilseoidh an Coimisiún, ar shuíomh gréasáin, na meántreochtaí sa dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdaithe an Aontais le haghaidh 2030. Ríomhfar na treochtaí sin mar an difríocht idir meán na mblianta 2015-2017

agus na bliana a chríochnaigh 20 mí roimh an bhfoilsiú. Ríomhfar na treochtaí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. Nuashonróidh an Coimisiún an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 uair amháin sa bhliain ar a laghad.

3. Faoin 31 Lúnasa gach bliain féilire, foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoi gach Ballstát i leith treochtaí sa dul chun cinn i dtreo na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a bhaint amach. Ríomhfar na treochtaí sin mar an difríocht idir meán na mblianta 2015-2017 agus na bliana a chríochnaigh 20 mí roimh an bhfoilsiú. Ríomhfar na treochtaí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1.

CAIBIDIL III

PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Airteagal 8

Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta

1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán:* [*cuir isteach an dáta , – 18 mí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], dréachtóidh agus foilseoidh gach Ballstát ar shuíomh gréasáin pleananna gníomhaíochta náisiúnta ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

   (a) na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a glacadh i gcomhréir le Caibidil II;

   (b) faisnéis a bhaineann leis na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 de réir mar a leagtar amach in Airteagal 9;

   (c) mionsonraí faoin dul chun cinn pleanáilte i leith na ngnéithe atá ábhartha ó thaobh chur chun feidhme an Rialacháin seo a liostaítear i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II;

   (d) nasc chuig na codanna ábhartha de phleananna straitéiseacha CBT, arna ndréachtú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115, inar leagadh amach pleananna le haghaidh méadú ar an limistéar talmhaíochta a úsáidtear ar a bhfuil feirmeoireacht orgánach á déanamh agus conas a chuirfidh na pleananna leis an sprioc a bhaint amach a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Straitéis *'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol*[50], eadhon 25 % den limistéar talmhaíocht a úsáidtear a bheith tiomnaithe don fheirmeoireacht orgánach faoi 2030;

---

[50] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol (COM(2020) 381 final).

(e) liosta de threalamh forchuir in úsáid go gairmiúil ar a gcuireann an Ballstát ceanglais éagsúla cigireachta i bhfeidhm i gcomhréir le hairteagal 32(1);

(f) faisnéis faoi mhéideanna bliantúla measta na dtáirgí cosanta a úsáideadh go mídhleathach nó a urghabhadh trí oibríochtaí frithchalaoise le linn na dtrí bliana roimhe sin agus aon bhearta atá beartaithe a bhaineann leis sin;

(g) bearta náisiúnta chun úsáideoirí gairmiúla a spreagadh trí bhíthin dreasachtaí airgeadais le modhanna neamhcheimiceacha a úsáid, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le Státchabhair;

(h) bearta atá beartaithe agus glactha chun tacú le nuálaíocht agus forbairt agus úsáid modhanna rialaithe lotnaidí neamhcheimiceacha nó chun iad a áirithiú le ceanglais cheangailteacha arna leagan síos sa dlí náisiúnta;

(i) modhanna eile atá beartaithe agus glactha chun tacú le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí i gcomhréir le prionsabail chomhtháite bainistithe lotnaidí, lena n-áirítear na prionsabail atá sna rialacha a bhaineann go sonrach le barr nó chun iad a áirithiú le ceanglais cheangailteacha arna leagan síos sa dlí náisiúnta de réir mar a leagtar amach in Airteagal 15(1).

Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún gan mhoill faoin gcéad fhoilsiú dá phlean gníomhaíochta náisiúnta.

Athbhreithneoidh gach Ballstát a phlean gníomhaíochta náisiúnta gach trí bliana ar a laghad ó fhoilseofar é den chéad uair. De bharr an athbhreithnithe féadfaidh Ballstát a phlean gníomhaíochta náisiúnta a leasú. Foilseoidh na Ballstáit leaganacha leasaithe dá bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus cuirfidh siad ar fáil pleananna gníomhaíochta náisiúnta leasaithe don Choimisiún gan mhoill.

Sna leaganacha nuashonraithe de phleananna gníomhaíochta náisiúnta a foilsíodh roimh 2030 agus le linn na bliana sin beidh an fhaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (i).

Sna leaganacha nuashonraithe de phleananna gníomhaíochta náisiúnta a foilsíodh tar éis 2030 beidh an fhaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (c) go (i).

2. Cuirfidh gach Ballstát próiseas comhairliúcháin i gcrích sula nglacfaidh sé nó sula modhnóidh sé a pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcomhréir le ceanglais Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51].

3. Sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta beidh achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a cuireadh i gcrích sular glacadh iad agus liostófar iontu na húdaráis ar a mbeidh sé de chúram iad a chur chun feidhme.

4. Beidh na pleananna gníomhaíochta náisiúnta comhsheasmhach le pleananna Ballstát arna dtarraingt suas i gcomhréir le Treoracha 91/676/CEE, 92/43/CEE, 2000/60/CE, 2008/50/CE, 2009/147/CE agus (AE) 2016/2284 agus Rialachán xxx/xxx maidir le hathchóiriú dúlra [*tagairt don ghníomh a glacadh le cur isteach]*, agus le Pleananna

[51] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).

Straitéiseacha CBT a tarraingíodh suas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 agus beidh míniúcháin iontu faoi conas atá an plean gníomhaíochta náisiúnta comhsheasmhach leis na pleananna sin.

5. Féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil cuid de na réigiúin is forimeallaí bearta a dhéanamh atá saincheaptha do na réigiúin sin ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus na riachtanais shonracha a bhaineann leis na dálaí aeráide sonracha agus na barra sna réigiúin sin á gcur san áireamh acu.

Airteagal 9

Faisnéis faoi na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 i bpleananna gníomhaíochta náisiúnta

1. Sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta a foilsíodh roimh 2030 agus le linn na bliana sin beidh an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030:

   (a) liosta de na cúig shubstaint ghníomhacha ar a laghad is mó a imríonn tionchar ar an treocht sa laghdú úsáide agus sa riosca a bhaineann le táirgí cosanta plandaí, agus in úsáid na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí, de réir mar a rinneadh amach tríd an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm, le linn na dtrí bliana sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta;

   (b) liosta de na barra is mó ar a n-úsáidtear gach ceann de na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (a) orthu agus líon heicteár gach bairr a chóireáiltear;

   (c) liosta de na lotnaidí a n-úsáidtear na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (a) ina n-aghaidh ar na barra dá dtagraítear i bpointe (b);

   (d) i gcás gach ceann de na lotnaidí dá dtagraítear i bpointe (c), liosta de na modhanna neamhcheimiceacha a úsáidtear nó is dócha a bheidh ar fáil faoi 2030.

2. I gcás gach modha neamhcheimicigh a liostaítear i gcomhréir le mír 1, pointe (d), sonrófar sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta uile gach pointe díobh seo a leanas:

   (a) scála measta a úsáide, ar bhonn na sonraí faoi dhíol táirgí cosanta plandaí, suirbhéanna agus breithiúnas saineolach, le linn na dtrí bliana féilire sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta, mar aon le sprioc náisiúnta tháscach chun a úsáid a mhéadú faoi 2030 agus liosta de na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca leis an méadú sin a bhaint amach;

   (b) liosta de na bearta agus de na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag an mBallstát agus ag gníomhaithe eile chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann, dá dtagraítear i bpointe (a) agus amchlár mionsonraithe i leith na gcéimeanna idirmheánacha agus na n-údarás ar a mbeidh cúram gach ceann de na céimeanna atá le tabhairt ag an mBallstát.

3. Maidir leis na cúig shubstaint ghníomhacha ar a laghad is mó a d'imir tionchar ar an treocht in úsáid táirgí cosanta plandaí agus ar an riosca a bhaineann leo, agus ar an treocht in úsáid na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí, de réir mar a rinneadh amach tríd an mhodheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm, le linn na

dtrí bliana sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta, sonrófar sa phlean gníomhaíochta náisiúnta gach pointe díobh seo a leanas:

(a) céatadán na dtáirgí cosanta plandaí uile a úsáideadh ar rialuithe bitheolaíocha iad, le linn na dtrí bliana féilire sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta, mar aon leis na spriocanna náisiúnta táscacha chun an céatadán sin a mhéadú faoi 2030 agus liosta de na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca leis an méadú sin ar an gcéatadán a bhaint amach;

(b) liosta de na bearta agus de na gníomhaíochtaí eile atá le déanamh ag an mBallstát agus gníomhaithe eile chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear i bpointe (a), agus amchlár mionsonraithe i leith na gcéimeanna idirmheánacha agus na húdaráis ar a mbeidh cúram gach céime atá le tabhairt ag an mBallstát.

4. Sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta beidh, chomh maith leis sin, spriocanna náisiúnta táscacha le haghaidh mhéadú an chéatadáin de dhíolacháin fhoriomlána táirgí cosanta plandaí nach táirgí cosanta plandaí ceimiceacha iad ó thréimhse bhunlíne na dtrí bliana féilire sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta.

Airteagal 10

Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme

1. Faoin 31 Lúnasa gach bliain, ach tráth nach luaithe ná [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta , – 30 mí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*] cuirfidh gach Ballstát tuarascáil bhliantúil dul chun cinn agus cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. Sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme beidh:

(a) na treochtaí uile sa dul chun cinn i dtreo na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 de réir mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I mar an difríocht idir meán na mblianta 2015-2017 agus meán na bliana a chríochnaigh 20 mí roimh an bhfoilsiú;

(b) na treochtaí uile sa dul chun cinn i dtreo na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 de réir mar a leagtar amach in Airteagal 9(2), pointe (a), Airteagal 9(3), pointe (a), agus Airteagal 9(4)~~)~~, arna ríomh go bliantúil mar an difríocht idir méid na húsáide sna trí bliana féilire sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus an bhliain féilire a chríochnaigh 20 mí sular foilsíodh an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme;

(c) na sonraí cainníochtúla eile go léir a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo de réir mar a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn II;

(d) toradh na meastóireachta ar thorthaí gach táscaire riosca chomhchuibhithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 36(1);

(e) na treochtaí uile sa dul chun cinn i dtreo méadú a bhaint amach ar an limistéar talmhaíochta a úsáidtear faoi fheirmeoireacht orgánach dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (d).

3. Foilseoidh gach Ballstát a thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme ar shuíomh gréasáin agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

4. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát mionsonraí breise a chur isteach ina thuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme.

   Laistigh de dhá mhí ón iarraidh ón gCoimisiún, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann freagra ar an iarraidh agus foilseoidh sé a fhreagra ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 3.

5. Foilseoidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla na mBallstát ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme ar shuíomh gréasáin.

6. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinn II chun na sonraí atá ábhartha d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí a chur san áireamh.

Airteagal 11

Anailís an Choimisiúin ar thuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme

1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta , – dhá bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], agus gach dhá bhliain dá éis sin go dtí 2030, foilseoidh an Coimisiún ar shuíomh gréasáin anailís ar:

   (a) na treochtaí sa dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030;

   (b) dul chun cinn na mBallstát i dtreo na spriocanna laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 a bhaint amach.

2. Ón ... ar aghaidh [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta , – ceithre bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin se*o], cuirfidh an Coimisiún san áireamh san anailís dá dtagraítear i mír 1 anailís ar an bhfaisnéis atá le cur ar fáil ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointí (a), (b) agus (c).

3. Tar éis na hanailíse dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an Coimisiún moladh a thabhairt don Bhallstát aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

   (a) bearta breise a dhéanamh;

   (b) leibhéal uaillmhéine aon sprice náisiúnta táscaí a leagtar amach in Airteagal 9(2) pointe (a), Airteagal 9(3), pointe (a), agus Airteagal 9(4) a ardú.

4. Déanfaidh aon Bhallstát a fuair moladh ón gCoimisiún bearta breise a dhéanamh i gcomhréir le mír 3 ceann de na míreanna faisnéise seo a leanas a chur ar fáil sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme a thabharfaidh sé uaidh dá éis sin:

   (a) tuairisc ar na bearta a rinneadh mar fhreagra ar an moladh;

   (b) na cúiseanna nár leanadh an moladh ón gCoimisiún.

5. Déanfaidh aon Bhallstát a fuair moladh ón gCoimisiún i gcomhréir le mír 3, pointe (b), leibhéal uaillmhéine sprice náisiúnta táscaí a leagtar amach in Airteagal 9(2), pointe (a), Airteagal 9(3), pointe (a),or Airteagal 9(4) a ardú, déanfaidh sé ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

   (a) leibhéal na sprice ábhartha a athrú de réir mar a leagtar amach sa mholadh trína phlean gníomhaíochta náisiúnta a leasú laistigh de shé mhí tar éis dó an moladh a fháil;

(b) cúiseanna a thabhairt le gan an moladh ón gCoimisiún a leanúint sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme a thabharfaidh sé uaidh dá éis sin.

6. I gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an gconclúid, ar bhonn a anailíse ar na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme, nach leor an dul chun cinn a baineadh amach chun spriocanna laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann, molfaidh sé bearta agus feidhmeoidh sé na cumhachtaí eile atá aige ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear amach na spriocanna sin ar bhonn comhchoiteann. Sna bearta sin cuirfear san áireamh leibhéal uaillmhéine an rannchuidithe le spriocanna laghdaithe an Aontais le haghaidh 2030 a rinne na Ballstáit a leagtar amach i spriocanna náisiúnta 2030 a ghlac siad.

7. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: – cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

CAIBIDIL IV

BAINISTIÚ LOTNAIDÍ COMHTHÁITE

Airteagal 12

Bainistiú lotnaidí comhtháite

1. Cuirfidh úsáideoirí gairmiúla bainistiú lotnaidí comhtháite i bhfeidhm mar seo a leanas:

(a) trí Airteagal 13 a chur i bhfeidhm i gcás nach mbeidh aon riail bharrshonrach glactha maidir leis an mbarr ábhartha agus an limistéar ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 15 ag an mBallstát ina n-oibríonn siad;

(b) trí rialacha barrshonracha arna nglacadh ag an mBallstát ina n-oibríonn siad a chur i bhfeidhm maidir leis an mbarr ábhartha agus an limistéar ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 15 agus trí na gníomhaíochtaí a dhéanamh a leagtar amach in Airteagal 13(8).

2. Tabharfaidh na comhairleoirí comhairle atá comhsheasmhach leis na rialacha barrshonracha is infheidhme agus comhsheasmhach le bainistiú lotnaidí comhtháite.

Airteagal 13

Oibleagáidí úsáideoirí gairmiúla agus comhairleoirí a bhaineann le bainistiú lotnaidí comhtháite

1. I dtús báire cuirfidh úsáideoirí gairmiúla bearta i bhfeidhm nach bhfuil ceangal iontu úsáid táirgí ceimiceacha cosanta plandaí chun orgánaigh dhíobhálacha a chosc nó a dhíothú sula mbainfear leas as táirgí ceimiceacha cosanta plandaí.

2. Léireoidh taifid úsáideora ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 14(1) gur chuir sé na roghanna seo a leanas go léir san áireamh:

– uainíocht na mbarr,

– úsáid teicnící nua-aimseartha saothraithe, lena n-áirítear teicníc na ceapaí síl stálaithe, dátaí agus dlúis churadóireachta, idirchuraíocht, curaíocht chaomhnúcháin, prúnáil agus curaíocht dhíreach,

– úsáid saothróg díonach nó fulangach agus síl agus trealaimh plandúcháin ardcháilíochta nó síl agus ábhair plandúcháin dheimhnithe,

– úsáid cleachtas cothromaithe leasúcháin, aolta, uisciúcháin agus taosctha,

– spré orgánach díobhálach a chosc le bearta sláinteachais, lena n-áirítear glanadh tráthrialta innealra agus trealaimh,

– cosaint agus feabhsú orgánach tairbhiúil tábhachtach, lena n-áirítear bearta cosanta plandaí tairbhiúla nó úsáid bonneagar éiceolaíoch laistigh agus lasmuigh de láithreáin táirgthe,

– coinneáil amach lotnaidí trí struchtúir chosanta, eangaigh agus bacainní fisiceacha eile a úsáid.

I gcás nár chuir úsáideoir gairmiúil beart a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo, beidh na cúiseanna leis sin sna taifid dá dtagraítear in Airteagal 14(1).

3. Déanfaidh úsáideoirí gairmiúla faireachán ar orgánaigh le modhanna agus uirlisí iomchuí. Ar na modhanna agus na huirlisí sin beidh ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) breathnuithe a rinneadh sa ghort;

(b) córais rabhaidh fuaime, réamhaisnéise agus luathdhiagnóisithe atá fónta ó thaobh na heolaíochta de, más indéanta sin;

(c) úsáid comhairle ó chomhairleoirí ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil.

4. Úsáidfidh úsáideoirí gairmiúla rialuithe bitheolaíocha, fisiceacha nó modhanna neamhcheimiceacha eile. Ní fhéadfaidh úsáideoirí gairmiúla modhanna ceimiceacha a úsáid ach amháin má bhíonn gá leo chun leibhéil inghlactha rialúcháin orgánach díobhálach a bhaint amach tar éis ídiú na modhanna neamhcheimiceacha eile go léir de réir mar a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3 agus má comhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur léirigh torthaí an fhaireacháin ar orgánaigh dhíobhálacha, ar bhonn breathnú taifeadta, gur gá na bearta ceimiceacha cosanta planda a chur i bhfeidhm go tráthúil mar gur leor an líon orgánach díobhálach atá ann chun sin a údarú.

(b) i gcás ina mbeidh údar leis sin de réir córas tacaíochta cinntí, nó de réir comhairleoir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 23, gur chinn an t-úsáideoir gairmiúil, trí bhíthin cinneadh taifeadta, na modhanna táirgí ceimiceacha cosanta plandaí ar chúiseanna coisctheacha.

5. Déanfaidh úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí a leathadh atá chomh sonrach agus is féidir chun na horgánaigh dhíobhálacha a rialú agus ag a bhfuil an méid is lú fo-iarmhairtí ar shláinte an duine, ar orgánaigh nach sprioc-orgánaigh iad agus ar an gcomhshaol.

6. Coinneoidh úsáideoirí gairmiúla úsáid táirgí ceimiceacha cosanta plandaí agus foirmeacha eile idirghabhála ar leibhéil nach airde ná na leibhéil nach leo chun na horgánaigh dhíobhálacha a rialú faoina mbun agus nach gcuireann leis an riosca go

bhforbrófar friotaíocht i bpobail orgánach díobhálach. I gcás inar féidir, úsáidfidh úsáideoirí gairmiúla na bearta seo a leanas:

(a) ráta laghdaithe leata;

(b) líon laghdaithe cásanna leata;

(c) cásanna leata pháirtigh;

(d) leathadh ar shainspotaí.

7. I gcás ina mbeifear ar an eolas faoin riosca friotaíochta ar bheart cosanta plandaí agus inar gá an beart sin a chur i bhfeidhm ar na barra arís agus arís eile de bharr leibhéal na n-orgánach díobhálach, cuirfidh úsáideoirí gairmiúla na straitéisí frithfhriotaíochta a bheidh ar fáil i bhfeidhm chun éifeachtacht an bhirt sin a choinneáil ar bun.

I gcás inar gá táirgí cosanta plandaí a úsáid arís agus arís mar chuid de bheart cosanta plandaí, úsáidfidh úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí lena mbaineann modhanna gníomhaíochta éagsúla.

8. Déanfaidh úsáideoirí gairmiúla na gníomhaíochtaí seo a leanas go léir:

(a) leibhéal ratha na mbeart cosanta plandaí a cuireadh i bhfeidhm a sheiceáil agus a dhoiciméadú ar bhonn na dtaifead ar úsáid táirgí cosanta plandaí agus idirghabhálacha eile agus an fhaireacháin ar orgánaigh dhíobhálacha;

(b) an fhaisnéis a fuarthas a chur i bhfeidhm trí na gníomhaíochtaí a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (a) mar chuid den phróiseas cinnteoireachta maidir le hidirghabhálacha a dhéanfar dá éis sin.

9. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear an tAirteagal seo, chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.

Airteagal 14

Taifid ar bhearta coisctheacha agus idirghabhálacha a rinne úsáideoirí gairmiúla roimhe sin chun barra a chosaint agus ar chomhairle faoi úsáid táirgí cosanta plandaí

1. I gcás ina ndéanfaidh úsáideoir gairmiúil beart coisctheach nó ina ndéanfaidh sé idirghabháil, iontrálfaidh an t-úsáideoir gairmiúil an fhaisnéis seo a leanas sa chlár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí, clár dá dtagraítear in Airteagal 16 agus a chumhdaíonn an limistéar ina n-oibríonn an t-úsáideoir gairmiúil:

(a) aon bheart coisctheach nó idirghabháil choisctheach agus an chúis leis an mbeart nó an idirghabháil sin, lena n-áirítear sainaithint agus measúnú an leibhéil lotnaidí, i gcás nár ghlac an Ballstát ina n-oibríonn an t-úsáideoir rialacha barrshonracha maidir leis an mbarr ábhartha agus an limistéar ábhartha;

(b) aon bheart coisctheach nó idirghabháil choisctheach agus an chúis leis an mbeart nó an idirghabháil sin, lena n-áirítear sainaithint agus measúnú an leibhéil lotnaidí agus tagairt do na critéir intomhaiste a leagtar amach sna rialacha is infheidhme, i gcás inar ghlac an Ballstát ina n-oibríonn an t-úsáideoir rialacha barrshonracha maidir leis an mbarr ábhartha agus an limistéar ábhartha.

2. Iontrálfaidh úsáideoir gairmiúil taifead ar ainm a chomhairleora agus ar dhátaí agus ábhar na comhairle a fuair sé uaidh i gcomhréir le hAirteagal 26(3) sa chlár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí, clár dá dtagraítear in Airteagal 16. Cuirfidh an t-úsáideoir gairmiúil na taifid sin ar fáil don údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 15(2) arna iarraidh sin.

3. Iontrálfaidh úsáideoir gairmiúil taifead leictreonach ar gach cás de leathadh táirge cosanta plandaí faoi Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 sa chlár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí, clár dá dtagraítear in Airteagal 16. Ar a bharr sin, iontrálfaidh úsáideoir gairmiúil taifead leictreonach ina sonrófar an le haerthrealamh nó trealamh ar talamh a rinneadh an leathadh. I gcás leathadh ón aer, sonróidh úsáideoir gairmiúil an cineál trealaimh a úsáideadh.

4. Chun a áirithiú go mbeidh struchtúr aonfhoirmeach ar na hiontrálacha atá le déanamh ag úsáideoirí gairmiúla sa chlár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad caighdeánach a ghlacadh le haghaidh na n-iontrálacha sin. I ngach teimpléad den chineál sin beidh réimsí chun taifid a ionchur ar gá iad a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ar gá aitheantas inaitheanta a úsáid ina leith. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2).

Airteagal 15

Rialacha maidir le bainistiú lotnaidí comhtháite a chur chun feidhme le rialacha a bhaineann go sonrach le barr

1. Glacfaidh na Ballstáit ceanglais agranamaíocha bunaithe ar rialuithe maidir le bainistiú lotnaidí comhtháite nach mór cloí leo agus barr ar leith á fhás nó á stóráil acu agus atá deartha lena áirithiú nach n-úsáidfear cosaint ar bharra ceimiceacha ach amháin tar éis do na modhanna neamhcheimiceacha eile go léir a bheith ídithe agus nuair a shroichfear tairseach le haghaidh idirghabhála (‘rialacha barrshonracha’). Leis na rialacha barrshonracha cuirfear chun feidhme prionsabail an bhainistithe lotnaidí comhtháite a leagtar amach in Airteagal 13, maidir leis an mbarr ábhartha agus leagfar amach iad i ngníomh dlí ceangailteach.

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil ar a mbeidh sé de chúram a áirithiú go mbeidh na rialacha barrshonracha stóinsithe ó thaobh na heolaíochta de agus go gcomhlíonfaidh siad an tAirteagal seo.

3. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beidh rialacha barrshonracha éifeachtacha in-fhorfheidhmithe i bhfeidhm ag gach Ballstát, le haghaidh barra a chumhdaíonn limistéar ar 90 % ar a laghad é dá limistéar talmhaíochta a úsáidtear (seachas gairdíní cistine). Cinnfidh na Ballstáit raon feidhme geografach na rialacha sin agus dálaí agranamaíocha ábhartha á gcur san áireamh acu, dálaí lena n-áirítear cineál na hithreach agus na dálaí aeráide atá i réim.

4. Ar a laghad naoi mí roimh an tráth a tháinig riail bharrsonrach i bhfeidhm faoin dlí náisiúnta, déanfaidh an Ballstát na nithe seo a leanas go léir:

   (a) dréacht a fhoilsiú a bheidh ar fáil don phobal;

(b) barúlacha faoin dréacht a chur san áireamh a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ó dhaoine as an bpobal a chur san áireamh;

(c) an dréacht ina bhfuil barúlacha dá dtagraítear i bpointe (b) a chur san áireamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

5. I gcás ina dtabharfar fógra don Choimisiún faoi dhréacht i gcomhréir le mír 4, pointe (c), féadfaidh sé, laistigh de shé mhí ó fuair sé an dréacht, cur i gcoinne a ghlactha ag Ballstát má mheasann sé nach gcomhlíonann an dréacht na critéir a leagtar amach i mír 6. Má chuireann an Coimisiún ina choinne sin, staonfaidh an Ballstát ón dréacht a ghlacadh go dtí go mbeidh an téacs leasaithe aige chun na heasnaimh a leigheas a sainaithníodh in agóidí an Choimisiúin. Mura dtabharfaidh an Coimisiún aon fhreagra i gcomhréir leis an mír seo faoi dhréachtriail maidir le barr, ní dhéanfaidh sin aon dochar d'aon ghníomhíocht ná aon chinneadh ab fhéidir a dhéanfadh an Coimisiún faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais.

6. Leis na rialacha barrshonracha, iompófar na ceanglais maidir le bainistiú lotnaidí comhtháite a leagtar síos in Airteagal 13 ina gcritéar infhíoraithe trí na nithe seo a leanas agus nithe nach iad a shonrú:

(a) na horgánaigh dhíobhálacha is suntasaí ó thaobh an gheilleagair de a dhéanann difear don bharr;

(b) na hidirghabhálacha neamhcheimiceacha lena mbaineann rialú cultúrtha, fisiceach agus bitheolaíoch atá éifeachtach nuair a úsáidtear iad i gcoinne na n-orgánach díobhálach dá dtagraítear i bpointe (a) agus critéir cháilíochtúla nó coinníollacha cháilíochtúla faoina ndéantar na hidirghabhálacha sin;

(c) na táirgí cosanta plandaí ísealriosca nó na nithe is féidir a úsáid in ionad táirgí cosanta plandaí atá éifeachtach nuair a úsáidtear iad i gcoinne na n-orgánach díobhálach dá dtagraítear i bpointe (a) agus critéir cháilíochtúla nó coinníollacha cháilíochtúla faoina ndéantar na hidirghabhálacha sin;

(d) na táirgí cosanta plandaí nach táirgí cosanta plandaí ísealriosca iad agus atá éifeachtach nuair a úsáidtear iad i gcoinne na n-orgánach díobhálach dá dtagraítear i bpointe (a) agus critéir cháilíochtúla nó coinníollacha cáilíochtúla faoina ndéantar na hidirghabhálacha sin;

(e) na critéir cháilíochtúla nó coinníollacha cáilíochtúla faoina bhféadfar táirgí cosanta plandaí a úsáid tar éis ídiú na modhanna rialúcháin eile go léir is féidir a úsáid gan táirgí ceimiceacha cosanta plandaí a úsáid;

(f) na critéir intomhaiste nó coinníollacha intomhaiste faoina bhféadfar táirgí cosanta plandaí a úsáid tar éis ídiú na modhanna rialúcháin eile go léir is féidir a úsáid gan táirgí ceimiceacha cosanta plandaí a úsáid.

(g) an oibleagáid breathnuithe a thaifead a léiríonn gur baineadh amach an luach tairsí ábhartha.

7. Athbhreithneoidh gach Ballstát go bliantúil a chuid rialacha barrshonracha agus nuashonróidh sé iad i gcás inar gá, lena n-áirítear nuair is gá sin chun athruithe ar infhaighteacht uirlisí rialaithe orgánach díobhálacha a chur san áireamh.

8. Má bheartaíonn Ballstát riail bharrshonrach a nuashonrú, déanfaidh sé, sé mhí ar a laghad sula dtiocfaidh an nuashonrú i bhfeidhm faoin dlí náisiúnta:

(a) dréacht a fhoilsiú de na rialacha nuashonraithe a bheidh ar fáil don phobal;

(b) barúlacha faoin dréacht a chur san áireamh a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ó dhaoine as an bpobal a chur san áireamh;

(c) an dréacht ina bhfuil barúlacha dá dtagraítear i bpointe (b) a chur san áireamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

9. I gcás ina dtabharfar fógra don Choimisiún faoi dhréacht faoi mhír 8, féadfaidh sé, laistigh de thrí mhí ó fuair sé an dréacht, cur i gcoinne nuashonrú na rialacha barrshonracha ag Ballstát má mheasann sé nach gcomhlíonann an dréacht na critéir a leagtar amach i mír 6. Má chuireann an Coimisiún ina choinne sin, staonfaidh an Ballstát ón nuashonrú a dhéanamh ar an riail bharrshonrach go dtí go mbeidh an téacs leasaithe aige chun na heasnaimh a leigheas a sainaithníodh in agóidí an Choimisiúin. Mura dtabharfaidh an Coimisiún aon fhreagra i gcomhréir leis an mír seo faoi dhréachtriail bharrshonrach, ní dhéanfaidh sin aon dochar d'aon ghníomhíocht ná d'aon chinneadh ab fhéidir a dhéanfadh an Coimisiún faoi ghníomhartha eile de chuid an Aontais.

10. Déanfaidh Ballstát ina bhfuil difríochtaí suntasacha aeráide nó agranamaíocha idir na réigiúin rialacha barrshonracha a ghlacadh le haghaidh gach ceann de na réigiúin sin.

11. Foilseoidh gach Ballstát a rialacha barrshonracha ar aon suíomh gréasáin amháin.

12. Foilseoidh an Coimisiún ar shuíomh naisc chuig suíomhanna gréasáin na mBallstát, suíomhanna dá dtagraítear i mír 11.

13. Faoin... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta , = an chéad lá den mhí tar éis seacht mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar ghlacadh agus forfheidhmiú rialacha barrshonracha sna Ballstáit agus ar chomhlíontacht na rialacha sin le hAirteagal 15.

Airteagal 16

An clár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil nó údaráis inniúla chun clár nó cláir leictreonach(a) c(h)omhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí a chur ar bun agus a choinneáil ar bun.

Sa chlár leictreonach comhtháite nó sna cláir leictreonacha chomhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí, beidh an fhaisnéis seo a leanas go léir le linn trí bliana ar a laghad ón dáta a rinneadh an iontráil:

(a) aon bheart coisctheach nó idirghabháil choisctheach agus an chúis leis an mbeart nó an idirghabháil sin a iontráladh i gcomhréir le hAirteagal 14(1);

(b) ainm an chomhairleora agus dátaí agus ábhar na comhairle a iontráladh i gcomhréir le hAirteagal 14(2);

(c) taifead leictreonach ar gach uair a leathadh an táirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus tuarascáil ar aon leathadh ón aer a rinneadh faoi Airteagal 20, mar a cheanglaítear le hAirteagal 14(3).

2. Beidh rochtain ag úsáideoirí gairmiúla ar an gclár/na cláir dá dtagraítear i mír 1 chun go mbeidh siad in ann na taifid a iontráil i gcomhréir le hAirteagal 14.

3. Fíoróidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 comhlíontacht na n-úsáideoirí gairmiúla le hAirteagal 14.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1, uair sa bhliain, achoimre agus anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh faoi mhír 14 agus ar aon sonraí breise maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 na sonraí a bailíodh faoi mhír 1, pointí (a) agus (c) den Airteagal seo a roinnt leis na húdaráis inniúla náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu Treoracha 2000/60/CE agus (AE) 2020/2184 a chur chun feidhme chun gur féidir na sonraí sin a thrasnascadh, i bhfoirm anaithnid, le sonraí comhshaoil, screamhuisce agus cáilíochta uisce, chun feabhas a chur ar shainaithint, tomhas agus laghdú rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí.

6. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis staidrimh náisiúnta ar an gclár/na cláir dá dtagraítear i mír 1 chun staitisticí oifigiúla a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

7. Chun a áirithiú go mbeidh struchtúr aonfhoirmeach ar an achoimre agus an anailís dá dtagraítear i mír 4, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad caighdeánach a ghlacadh le haghaidh na hachoimre agus na hanailíse sin. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2).

CAIBIDIL V

TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ A ÚSÁID, A STÓRÁIL AGUS A DHIÚSCAIRT

Airteagal 17

Ceanglais ghinearálta maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí le haghaidh úsáid ghairmiúil agus úsáid trealaimh leata

1. I gcás táirge cosanta plandaí a bhfuil a úsáid ghairmiúil údaraithe, ní fhéadfaidh é a úsáid ach úsáideoir gairmiúil:

   (a) ar eisíodh deimhniú oiliúna dó á fhíorú gur lean sé cúrsaí d'úsáideoirí gairmiúla, i gcomhréir le hAirteagal 25, nó go bhfuil cruthúnas aige gur iontráladh é i gclár lárnach leictreonach mar gur lean sé na cúrsaí sin i gcomhréir le hAirteagal 25(5), agus

   (b) a úsáideann seirbhísí comhairleora neamhspleách i gcomhréir le hAirteagal 26(3).

2. Is iad na húsáideoirí gairmiúla amháin a fhéadfaidh táirgí cosanta plandaí a úsáid agus a cheannach.

3. Is iad na húsáideoirí gairmiúla ag a bhfuil deimhniú oiliúna á fhíorú gur lean siad cúrsaí d'úsáideoirí gairmiúla, i gcomhréir le hAirteagal 25, nó a bhfuil cruthúnas acu gur iontráladh iad i gclár lárnach leictreonach mar gur lean siad na cúrsaí sin i

gcomhréir le hAirteagal 25(5), agus na húsáideoirí sin amháin, a fhéadfaidh úsáid a bhaint as trealamh leata atá in úsáid go gairmiúil.

4. Laistigh de thrí bliana dar tús dáta an chéad cheannaigh, agus gach trí bliana dá éis sin, cuirfidh úsáideoir gairmiúil an trealamh leata atá in úsáid go gairmiúil aige isteach chun go ndéanfar cigireacht air i gcomhréir le hAirteagal 31. I gcás ina mbeidh trí bliana caite ó dháta chéad cheannach an trealaimh leata atá in úsáid go gairmiúil, ní fhéadfaidh úsáideoir gairmiúil é a úsáid chun táirgí cosanta plandaí a leathadh ach amháin má chomhlíonann an trealamh sin aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) gur éirigh an chigireacht leis an trealamh agus gur taifeadadh na torthaí i gclár leictreonach an trealaimh leata atá in úsáid go gairmiúil i gcomhréir le hAirteagal 31(6);

   (b) go bhfuil maolú faoi Airteagal 32(1) nó Airteagal 32(3) maidir leis an trealamh sin.

   Tráth a chuirfear isteach an trealamh le haghaidh cigireachta, cuirfidh úinéir an trealaimh nó a ionadaí ar fáil don údarás inniúil nó don chomhlacht a dhéanfaidh an chigireacht an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás inniúil a oibleagáidí coimeádta taifid de bhun Airteagal 30(1), pointe (b).

5. Is i gcomhréir le lámhleabhar treoracha an mhonaróra a dhéanfaidh an t-úsáideoir gairmiúil cigireacht ar threalamh leata agus a oibreoidh sé an trealamh sin.

Airteagal 18

Úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire

1. Tá toirmeasc ar aon cheann de na táirgí cosanta plandaí a úsáid sna limistéir íogaire uile agus i bhfoisceacht trí mhéadar de na limistéir sin. Ní laghdófar an crios maolánach trí mhéadar sin trí theicnící malartacha maolaithe riosca a úsáid.

2. Féadfaidh na Ballstáit criosanna maolánacha éigeantacha níos mó a bhunú in aice le limistéir íogaire.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát cead a thabhairt d'úsáideoir gairmiúil táirge úsáid a bhaint as táirge cosanta plandaí i limistéar íogair le linn tréimhse theoranta a bhfuil a dátaí tosaigh agus deiridh sainithe go beacht, arb í an tréimhse is giorra is féidir í ach nach mó ná 60 lá í, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil riosca tromchúiseach agus eisceachtúil ann go scaipfear lotnaidí coraintín nó speiceas coimhthíoch ionrach;

   (b) nach bhfuil aon teicníc rialaithe riosca malartach ann atá inúsáidte ó thaobh na teicniúlachta de, agus arb ísle an riosca a bhaineann léi, chun scaipeadh lotnaidí coraintín nó speiceas coimhthíoch ionrach a chosc.

4. I gcás iarratas ó úsáideoir gairmiúil ar chead le haghaidh táirgí cosanta plandaí a úsáid i limistéar íogair, beidh an fhaisnéis is gá ann chun a léiriú gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 3.

5. Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 3 cinneadh faoin iarratas ar chead le haghaidh úsáid táirge cosanta plandaí laistigh de dhá sheachtain ó cuireadh isteach é.

6. Sa chead le haghaidh úsáid táirge cosanta plandaí i limistéar íogair beidh na nithe seo a leanas go léir:

   (a) na coinníollacha a bhaineann leis an úsáid theoranta rialaithe a bhainfidh an t-iarratasóir as;

   (b) an oibleagáid fógraí faoi úsáid táirgí cosanta a chur ar taispeáint ar imlíne an limistéir atá le cóireáil, agus aon fhoirm shonrach atá le bheith ar an taispeáint sin;

   (c) bearta maolaithe riosca;

   (d) an fad a mhairfidh bailíocht an cheada.

7. Déanfaidh úsáideoir gairmiúil ar tugadh cead dó le haghaidh táirge cosanta plandaí a úsáid i limistéar íogair, déanfaidh sé fógraí faoi sin a chur ar taispeáint i bhfoirm ceada ar imlíne an limistéir atá le cóireáil.

8. I gcás ina dtabharfar cead le haghaidh táirge cosanta plandaí a úsáid i limistéar íogair, déanfaidh an t-údarás inniúil, roimh an gcéad lá de bhailíocht an táirge sin, dá dtagraítear i mír 3, an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go poiblí:

   (a) an áit ina n-úsáidfear an táirge;

   (b) an fhianaise go bhfuil dálaí eisceachtúla ann ar údar iad le táirgí cosanta plandaí a leathadh;

   (c) dátaí tosaigh agus deiridh thréimhse formheasa an cheada, tréimhse nach mó ná 60 lá tar éis a chéile;

   (d) an cineál aimsire ábhartha ar féidir an leathadh a dhéanamh go sábháilte lena linn;

   (e) ainm an táirge/na dtáirgí cosanta plandaí;

   (f) an trealamh leata atá le húsáid agus na bearta maolaithe riosca atá le déanamh.

Airteagal 19

Bearta chun an comhshaol uisceach agus uisce óil a chosaint

1. Tá toirmeasc ar gach táirge cosanta plandaí a úsáid ar na huiscí dromchla uile agus laistigh de 3 mhéadar d'uiscí den sórt sin. Ní laghdófar an crios maolánach 3 mhéadar trí úsáid a bhaint as teicnící malartacha maolaithe riosca.

2. Féadfaidh na Ballstáit criosanna maolánacha éigeantacha níos mó a bhunú atá cóngarach d'uiscí dromchla.

3. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh na Ballstáit bearta iomchuí i bhfeidhm chun meathlú ar stádas dromchla agus screamhuisce agus ar uiscí cósta agus mara a sheachaint agus chun go mbeifear in ann stádas maith dromchla agus screamhuisce a bhaint amach, chun an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil a chosaint ar thionchar táirgí cosanta plandaí, agus chun, ar a laghad, na cuspóirí a leagtar amach i dTreoracha 2000/60/CE, 2006/118/CE, 2008/105/CE, 2008/56/CE agus (AE) 2020/2184 a bhaint amach.

Airteagal 20

Táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer

1. Tá toirmeasc ar leathadh ón aer.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát leathadh ón aer ag úsáideoir gairmiúil a cheadú in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

   (a) níl aon mhodh leata atá indéanta go teicniúil seachas an leathadh ón aer i ngeall ar thír-raon inrochtaine;

   (b) is lú an tionchar diúltach a bhíonn ag an leathadh ón aer ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ná mar a bhíonn ag aon mhodh eile leata toisc gur féidir an trealamh don leathadh ón aer a úsáid ar an tír-raon ábhartha laistigh d'amscála níos tapúla ná an trealamh ar talamh agus seachnaítear cás ina dtagann méadú ar líon na lotnaidí plandaí mar gheall ar an tréimhse ama níos faide is gá le haghaidh leathadh ar talamh nó toisc go n-íoslaghdaíonn sé an creimeadh ithreach nuair a fhágann dálaí drochaimsire an talamh mí-oiriúnach d'fheithiclí talún, agus go gcomhlíontar na coinníollacha seo ar fad a leanas:

      (i) tá an trealamh leata a suiteáladh ar an aerárthach cláraithe sa chlár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33(1);

      (ii) tá an t-aerárthach feistithe le gabhálais arb iad an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil iad chun na táirgí cosanta plandaí a leathadh go cruinn agus chun an cáitheadh sprae a laghdú;

      (iii) tá an táirge cosanta plandaí údaraithe lena úsáid trí bhíthin leathadh ón aer faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

3. In iarratas a dhéanann úsáideoir gairmiúil ar chead do leathadh ón aer, áireofar an fhaisnéis is gá chun a léiriú go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh.

4. I gcás ina ndeonaítear cead do leathadh ón aer, roimh an gcéad dáta féideartha don leathadh ón aer, poibleoidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 2 an fhaisnéis seo a leanas:

   (a) suíomh agus achar dromchla an leata ón aer agus iad léirithe ar léarscáil;

   (b) tréimhse bhailíochta an cheada don leathadh ón aer, tréimhse a bheidh teoranta agus ag a mbeidh dáta tosaigh agus deiridh a dhéanfar a shainiú go beacht agus a bheidh chomh gearr agus is féidir agus ní mhairfidh an tréimhse sin níos faide ná 60 lá;

   (c) na dálaí aimsire ábhartha lenar féidir leathadh sábháilte a dhéanamh;

   (d) ainm an táirge cosanta plandaí nó na dtáirgí cosanta plandaí;

   (e) an trealamh leata atá le húsáid agus na bearta maolaithe riosca atá le déanamh.

5. Úsáideoir gairmiúil dár deonaíodh cead do leathadh ón aer, ní mór dó ar a laghad 2 lá roimh dháta gach leathadh ón aer fógra a thaispeáint ina léirítear sin ar imlíne an limistéir ina ndéanfar an leathadh.

Airteagal 21

Úsáid táirgí cosanta plandaí i leathadh ón aer ag catagóirí áirithe d'aerárthaí gan foireann

1. I gcás ina gcomhlíonann catagóirí áirithe d'aerárthaí gan foireann na critéir a leagtar amach i mír 2, féadfaidh Ballstát leathadh ón aer ag na haerárthaí sin gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 20(1) sula ndéanfar táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer.

2. Féadfaidh an Ballstát leathadh ag aerárthach gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 20(1) i gcás ina léiríonn tosca a bhaineann le húsáid an aerárthaigh gan foireann go bhfuil na rioscaí a bhaineann lena úsáid níos ísle ná na rioscaí a eascraíonn as aerthrealamh leata eile agus as trealamh leata eile ar talamh. Áireofar ar na tosca sin critéir a bhaineann leis an méid seo a leanas:

   (a) sonraíochtaí teicniúla an aerárthaigh gan foireann, lena n-áirítear maidir leis an gcáitheadh sprae, líon agus méid na rótar, an pálasta, leithead an bhúm agus an meáchan foriomlán, an airde oibriúcháin agus an luas;

   (b) na dálaí aimsire, lena n-áirítear luas na gaoithe;

   (c) an limistéar atá le spraeáil, lena n-áirítear an topagrafaíocht;

   (d) infhaighteacht táirgí cosanta plandaí atá údaraithe lena n-úsáid mar fhoirmlithe toirte sárísle sa Bhallstát ábhartha;

   (e) úsáid ionchasach aerárthaí gan foireann i gcomhar le feirmeoireacht bheacht chinéimiteach fhíor-ama i gcásanna áirithe;

   (f) an leibhéal oiliúna is gá i gcás píolótaí a oibríonn aerárthaí gan foireann;

   (g) úsáid chomhthráthach ionchasach aerárthaí iomadúla gan foireann sa limistéar céanna.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena bhforlíontar an Rialachán seo chun critéir bheachta a shonrú maidir leis na tosca a leagtar amach i mír 2 nuair is féidir, le dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha, critéir bheachta den sórt sin a fhorbairt.

Airteagal 22

Stóráil, diúscairt agus láimhseáil

1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beidh bearta éifeachtacha i bhfeidhm ag na Ballstáit agus bunóidh siad na struchtúir is gá chun go n-éascófar, ar bhealach nach gcuirfidh sláinte an duine ná an comhshaol i mbaol, diúscairt shábháilte aon táirge cosanta plandaí nár úsáideadh, aon tuaslagán caol ina bhfuil táirgí cosanta plandaí agus aon phacáistíocht.

2. Maidir le húsáideoirí gairmiúla, áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 ceanglais mhionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) stóráil agus láimhseáil shábháilte táirgí cosanta plandaí, mar aon le caolú agus meascadh na dtáirgí sin roimh an leathadh;

   (b) láimhseáil pacáistíochta agus iarsmaí táirgí cosanta plandaí;

(c) glanadh an trealaimh a úsáideadh tar éis an leata;

(d) diúscairt táirgí cosanta plandaí agus iarsmaí na dtáirgí sin atá imithe i léig agus a bpacáistiú.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá maidir le táirgí cosanta plandaí atá údaraithe d'úsáideoirí neamhghairmiúla chun oibríochtaí láimhseála contúirteacha a chosc agus, i gcás nach féidir iad a chosc, na hoibríochtaí sin a theorannú. Féadfar a áireamh ar na bearta sin bearta a bhaineann le teorainneacha méide le haghaidh pacáistíocht nó coimeádáin. Féadfar a fhoráil leis na bearta sin gur táirgí cosanta plandaí ísealriosca agus táirgí cosanta plandaí eile atá i bhfoirm foirmlithe réidh le húsáid agus bearta maidir le dúnadh sábháilte nó gaireas glasála le haghaidh pacáistíochta nó coimeádán, agus na táirgí sin amháin, a fhéadfaidh úsáideoirí neamhghairmiúla a úsáid.

4. Áiritheoidh monaróirí, dáileoirí agus úsáideoirí gairmiúla go stórálfar táirgí cosanta plandaí i saoráidí stórála sonracha le haghaidh táirgí cosanta plandaí a thógtar sa chaoi go gcoiscfear scaoileadh de thaisme.

Áiritheoidh monaróirí, dáileoirí agus úsáideoirí gairmiúla go bhfuil suíomh, méid, aeráil agus ábhair tógála na saoráide stórála oiriúnach chun scaoileadh de thaisme a chosc agus chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

Airteagal 23

Comhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid

Ní fhéadfaidh ach comhairleoir ar eisíodh deimhniú oiliúna dó le haghaidh cúrsaí do chomhairleoirí i gcomhréir le hAirteagal 25 nó comhairleoir a bhfuil cruthúnas ann go ndearna sé cúrsaí den sórt sin in iontráil i gclár lárnach leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 25(5), comhairle a thabhairt d'úsáideoir gairmiúil maidir le húsáid táirge cosanta plandaí.

CAIBIDL VI

TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ A DHÍOL

Airteagal 24

Ceanglais maidir le táirgí cosanta plandaí a dhíol

1. Ní dhíolfaidh dáileoir táirge cosanta plandaí atá údaraithe lena úsáid go gairmiúil le ceannaitheoir nó lena ionadaí ach amháin tar éis don dáileoir sin seiceáil a dhéanamh, tráth an cheannaigh, gur úsáideoir gairmiúil é an ceannaitheoir nó an t-ionadaí agus go bhfuil deimhniú oiliúna aige le haghaidh cúrsaí d'úsáideoirí gairmiúla arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 nó go bhfuil cruthúnas ann go ndearna sé cúrsaí den sórt sin in iontráil i gclár lárnach leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 25(5).

2. I gcás inar duine dlítheanach é an ceannaitheoir, féadfaidh dáileoir táirge cosanta plandaí atá údaraithe lena úsáid go gairmiúil a dhíol le hionadaí cheannaitheoir an táirge cosanta plandaí tar éis don dáileoir sin seiceáil a dhéanamh, tráth an cheannaigh, go bhfuil deimhniú oiliúna ag an ionadaí le haghaidh cúrsaí d'úsáideoirí

gairmiúla arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 nó go bhfuil cruthúnas ann go ndearna sé cúrsaí den sórt sin in iontráil i gclár lárnach leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 25(5).

3. Tabharfaidh an dáileoir treoir do cheannaitheoir táirge cosanta plandaí lipéad an táirge a léamh sula n-úsáidfear é agus an táirge a úsáid i gcomhréir leis na treoracha atá ar an lipéad agus cuirfidh sé an ceannaitheoir ar an eolas faoin suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27.

4. Soláthróidh dáileoir faisnéis ghinearálta d'úsáideoirí neamhghairmiúla maidir leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir le guaiseacha, nochtadh, stóráil chuí, láimhseáil, leathadh agus diúscairt shábháilte i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], agus molfaidh sé táirgí cosanta plandaí eile a mbaineann riosca íseal leo agus bealaí inar féidir rioscaí a mhaolú agus táirgí cosanta plandaí á n-úsáid.

5. Áiritheoidh gach dáileoir go mbeidh foireann leordhóthanach aige ag a mbeidh deimhniú oiliúna le haghaidh cúrsaí do dháileoirí arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ag a mbeidh cruthúnas in iontráil i gclár lárnach leictreonach go ndearnadh cúrsa den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 25(5) agus go mbeidh an fhoireann sin ar fáil tráth an díolacháin chun freagairtí leordhóthanacha a chur ar fáil do cheannaitheoirí táirgí cosanta plandaí tráth an díolacháin maidir le húsáid na dtáirgí sin, na rioscaí gaolmhara sláinte agus comhshaoil a bhaineann leo agus na treoracha sábháilteachta iomchuí chun na rioscaí sin a bhainistiú.

6. An dáileoir dá dtagraítear i mír 5, cuirfidh sé ceannaitheoir táirge cosanta plandaí ar an eolas faoi theicnící rialaithe nach bhfuil chomh guaiseach céanna sula gceannóidh an ceannaitheoir táirge cosanta plandaí lena mbaineann riosca níos airde do shláinte an duine agus don chomhshaol.

CAIBIDIL VII

OILIÚINT, FAISNÉIS AGUS MÚSCAILT FEASACHTA

Airteagal 25

Oiliúint agus Deimhniú

1. Ceapfaidh údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 2 comhlacht amháin nó níos mó chun an oiliúint seo a leanas a chur ar fáil:

   (a) oiliúint tosaigh agus obair leantach a chur ar fáil d'úsáideoirí gairmiúla agus do dháileoirí maidir leis na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III;

---

[52] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

(b) oiliúint phraiticiúil a chur ar fáil d'úsáideoirí gairmiúla maidir le úsáid trealaimh leata in úsáid ghairmiúil;

(c) oiliúint fhairsing a chur ar fáil do chomhairleoirí maidir leis na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III, agus béim ar leith á leagan ar chur i bhfeidhm an bhainistithe chomhtháite lotnaidí.

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil nó údaráis inniúla a bheidh freagrach as cur chun feidhme an chórais oiliúna agus deimhniúcháin don oiliúint ar fad dá dtagraítear i mír 1 agus as deimhnithe oiliúna a eisiúint agus a athnuachan, as an gclár lárnach leictreonach a thabhairt cothrom le dáta, as cruthúnas ar iontráil sa chlár lárnach leictreonach a sholáthar agus as maoirseacht a dhéanamh le féachaint go ndéanfaidh an comhlacht a chuir an oiliúint ar fáil na cúraimí dá dtagraítear i mír 1.

3. An oiliúint dá dtagraítear i mír 1, d'fhéadfadh sí a bheith mar chuid de na hidirghabhálacha oiliúna arna mbunú ag na Ballstáit de réir Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2021/2115.

4. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas i ndeimhniú oiliúna nó in iontráil i gclár lárnach leictreonach:

(a) ainm an úsáideora ghairmiúil, an dáileora nó an chomhairleora dár soláthraíodh an oiliúint;

(b) fostóir an úsáideora ghairmiúil, an dáileora nó an chomhairleora dár soláthraíodh an oiliúint, i gcás inar duine dlítheanach nó duine nádúrtha ina cháil ghairmiúil é an fostóir sin;

(c) an cineál oiliúna a cuireadh ar fáil, i gcás ina gcuireann Ballstát cineálacha éagsúla oiliúna ar fáil do chatagóirí éagsúla d'úsáideoirí gairmiúla, dáileoirí nó comhairleoirí;

(d) an dáta a léiríodh eolas leordhóthanach ar na hábhair ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III;

(e) ainm an chomhlachta a sholáthair an oiliúint;

(f) líon na n-uaireanta oiliúna;

(g) tréimhse bhailíochta an deimhnithe oiliúna nó na hiontrála sa chlár lárnach leictreonach.

5. Déanfaidh údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 2 cruthúnas leictreonach ar iontráil i gclár lárnach leictreonach a sholáthar d'úsáideoir gairmiúil, do dháileoir nó do chomhairleoir tráth a dhéanfar an iontráil. Áireofar sa chruthúnas leictreonach sin taifead ar thréimhse bhailíochta na hiontrála sa chlár lárnach leictreonach.

6. Beidh deimhniú oiliúna nó iontráil i gclár lárnach leictreonach bailí ar feadh 10 mbliana i gcás dáileoir nó úsáideoir gairmiúil agus ar feadh 5 bliana i gcás comhairleoir.

7. Faoi réir mhír 6, ní dhéanfar deimhniú oiliúna nó iontráil i gclár lárnach leictreonach agus ní dhéanfar é a athnuachan ach amháin má léiríonn sealbhóir an deimhnithe nó an duine ar iontráladh a ainm sa chlár lárnach leictreonach go bhfuil oiliúint tosaigh agus oiliúint leantach nó oiliúint fhairsing dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) nó (c) curtha i gcrích aige go sásúil.

8. D'ainneoin mhír 6, féadfar deimhniú oiliúna a eisiúint do dhuine atá in ann réamhoiliúint a thaispeáint le cáilíochtaí foirmiúla lena léirítear go bhfuil eolas níos

fairsinge aige ar na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III ná mar a chuirfí ar fáil leis an oiliúint dá dtagraítear i mír 1.

9. Déanfaidh údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 2 nó comhlacht ceaptha dá dtagraítear i mír 1 deimhniú oiliúna a tharraingt siar má rinneadh é a eisiúint nó a athnuachan go mícheart nó ceartóidh an t-údarás nó an comhlacht iontráil sa chlár lárnach leictreonach má cuireadh isteach go mícheart é.

10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinn III chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.

Airteagal 26

Córas comhairleach neamhspleách

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil chun córas comhairleoirí neamhspleácha d'úsáideoirí gairmiúla a bhunú, a mhaoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar oibriú an chórais sin. Féadfaidh an córas sin úsáid a bhaint as comhairleoirí feirme neamhchlaonta dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/2115, nach mór iad a chur faoi oiliúint go rialta agus ar féidir iad a mhaoiniú faoi Airteagal 78 den Rialachán céanna.

2. An t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh sé go mbeidh aon chomhairleoir atá cláraithe sa chóras dá dtagraítear sa mhír sin ('comhairleoir neamhspleách') saor ó aon choinbhleacht leasa agus, go háirithe, nach mbeidh sé i staid a d'fhéadfadh, go díreach nó go hindíreach, difear a dhéanamh dá chumas a chuid cúraimí gairmiúla a fheidhmiú ar bhealach neamhchlaonta.

3. Rachaidh gach úsáideoir gairmiúil i gcomhairle le comhairleoir neamhspleách uair sa bhliain ar a laghad chun an chomhairle straitéiseach dá dtagraítear i mír 4 a fháil.

4. Cuirfidh comhairleoir dá dtagraítear i mír 3 comhairle straitéiseach ar fáil maidir leis na hábhair seo a leanas:

   (a) teicnící rialaithe ábhartha a chur i bhfeidhm chun orgánaigh dhíobhálacha a chosc;

   (b) bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme;

   (c) teicnící feirmeoireachta beachta, lena n-áirítear sonraí agus seirbhísí spáis a úsáid;

   (d) modhanna neamhcheimiceacha a úsáid;

   (e) i gcás ina mbeidh gá le táirgí cosanta plandaí, bearta chun rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a íoslaghdú go héifeachtach, go háirithe rioscaí don bhithéagsúlacht, lena n-áirítear pailneoirí, ó úsáid den sórt sin, lena n-áirítear bearta agus teicnící maolaithe riosca.

Airteagal 27

Faisnéis agus múscailt feasachta

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil chun faisnéis a chur ar fáil don phobal, go háirithe trí chláir múscailte feasachta, i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí.

2. Bunóidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 suíomh gréasáin nó suíomhanna gréasáin a bheidh dírithe ar fhaisnéis a sholáthar faoi rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar go díreach nó trí naisc a sholáthar chuig suíomhanna gréasáin ábhartha de chuid comhlachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta eile.

3. Ar na suíomhanna gréasáin arna mbunú i gcomhréir le mír 2, beidh faisnéis faoi na hábhair seo a leanas:

   (a) na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol trí éifeachtaí géara nó ainsealacha a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí;

   (b) an chaoi inar féidir na rioscaí féideartha dá dtagraítear i bpointe (a) a mhaolú;

   (c) roghanna malartacha ar tháirgí cosanta plandaí ceimiceacha;

   (d) an nós imeachta chun substaintí gníomhacha a fhormheas agus chun táirgí cosanta plandaí a údarú;

   (e) ceadanna a dheonaítear faoi Airteagail 18 nó 20;

   (f) nasc chuig an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7;

   (g) cearta tríú páirtithe rochtain a iarraidh ar fhaisnéis maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí trí theagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

Airteagal 28

Faisnéis ar nimhiú géar agus ainsealach

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil chun córais a chur ar bun nó a choinneáil ar bun chun an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú agus a choimeád maidir le teagmhais ghéarnimhithe agus nimhiú ainsealach a eascraíonn as nochtadh daoine do tháirgí cosanta plandaí:

   (a) ainm agus uimhir údaraithe an táirge cosanta plandaí agus na substaintí gníomhacha a bhaineann leis an teagmhas géarnimhithe nó nimhiú ainsealach;

   (b) líon na ndaoine nimhithe;

   (c) siomptóimí a bhaineann le nimhiú;

   (d) fad agus déine na siomptóm;

   (e) cibé ar tharla teagmhas géarnimhithe nó nimhiú ainsealach mar thoradh ar na nithe seo a leanas nó nár tharla:

      (i) úsáid cheart táirge cosanta plandaí;

      (ii) mí-úsáid táirge cosanta plandaí;

      (iii) úsáid táirge cosanta plandaí nár údaraíodh; nó

      (iv) ionghabháil nó nochtadh d'aon ghnó.

2. Faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

(a) líon na dteagmhas géarnimhithe nó nimhiú ainsealach a eascraíonn as nochtadh daoine do tháirgí cosanta plandaí le linn na bliana féilire roimhe sin;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 maidir le gach teagmhas nimhithe.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an fhormáid maidir le cur isteach na faisnéise agus na sonraí dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a leagan síos. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2).

CAIBIDIL VIII

TREALAMH LEATA

Airteagal 29

Clár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil

1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 9 mí a bheith istigh ón dáta a tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm*], beidh sé iontráilte sa chlár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33 ag úinéir an trealaimh leata in úsáid ghairmiúil gurb é úinéir an trealaimh leata, agus úsáid á baint aige as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V, mura bhfuil díolúine tugtha don trealamh sin ó chigireacht ag an mBallstát ina n-úsáideann an t-úinéir an trealamh sin i gcomhréir le hAirteagal 32(3).

2. Má dhíoltar trealamh leata in úsáid ghairmiúil, iontrálfaidh an díoltóir agus an ceannaitheoir an díolachán, laistigh de 30 lá tar éis an díolacháin, sa chlár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33, agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V, ach amháin má tá an trealamh leata in úsáid ghairmiúil díolmhaithe ó chigireacht sa Bhallstát nó sna Ballstáit ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 32(3). Tá feidhm ag oibleagáid chomhchosúil maidir le haistriú úinéireachta sa chlár leictreonach i gcás aon athrú eile ar úinéireacht trealaimh in úsáid ghairmiúil nach bhfuil díolmhaithe ó chigireacht sa Bhallstát nó sna Ballstáit ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 32(3).

3. Más rud é go ndéantar trealamh leata in úsáid ghairmiúil a tharraingt siar ó úsáid agus nach bhfuil sé beartaithe é a úsáid arís, déanfaidh úinéir an trealaimh, laistigh de 30 lá tar éis tharraingt siar an trealaimh, an méid sin a iontráil sa chlár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear i Airteagal 33, agus úsáid á baint aige as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

4. Má chuirtear trealamh leata in úsáid ghairmiúil in úsáid arís, déanfaidh úinéir an trealaimh, laistigh de 30 lá tar éis dó an trealamh a chur in úsáid arís, an méid sin a iontráil sa chlár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33, agus úsáid á baint aige as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinní V chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.

Airteagal 30

Bailiú faisnéise agus rialuithe

1. Déanfaidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú chun an méid a leanas a dhéanamh:

   (a) clár lárnach leictreonach a bhunú agus a choinneáil ar bun chun faisnéis faoi gach trealamh leata in úsáid ghairmiúil sa Bhallstát a thaifeadadh;

   (b) an clár lárnach leictreonach a úsáid chun iontrálacha tríú páirtí a fháil agus a phróiseáil maidir le húinéireacht, aistriú úinéireachta, díol, tarraingt siar ó úsáid agus cur in úsáid arís trealaimh leata in úsáid ghairmiúil;

   (c) cigireacht a dhéanamh ar threalamh leata, nó maoirseacht a dhéanamh ar an gcigireacht sin, i gcomhréir le hAirteagal 31(1), (2), (3) agus (6);

   (d) deimhnithe cigireachta a eisiúint, nó maoirseacht a dhéanamh ar eisiúint na ndeimhnithe cigireachta sin, i gcomhréir le hAirteagal 31(7).

   I gcás nach ndéanfaidh an t-údarás inniúil ainmnithe cigireacht ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil, ainmneoidh sé comhlacht amháin nó níos mó ná sin chun cigireachtaí den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh gach Ballstát rialuithe oifigiúla chun a fhíorú go bhfuil forálacha an Rialacháin seo i ndáil le trealamh leata á gcomhlíonadh ag na hoibreoirí. Déanfaidh na Ballstáit bearta leantacha iomchuí chun aon easnamh sonrach nó córasach arna sainaithint tríd na rialuithe arna ndéanamh ag saineolaithe an Choimisiúin i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 a leigheas. Tabharfaidh siad an cúnamh is gá chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag saineolaithe ón gCoimisiún ar na háitribh ar fad nó na codanna ar fad d'áitribh, agus ar na hearraí ar fad, agus ar fhaisnéis, lena n-áirítear córais ríomhaireachta, a bheidh ábhartha chun a ndualgais a chomhlíonadh.

3. Déanfaidh saineolaithe ón gCoimisiún rialuithe, lena n-áirítear iniúchtaí, i ngach Ballstát chun cur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann le trealamh leata a fhíorú, ar rialacha iad a leagtar síos sa Rialachán seo. Féadfaidh na saineolaithe faisnéis a imscrúdú agus a bhailiú maidir le rialuithe oifigiúla agus cleachtais forfheidhmiúcháin i réimse an trealaimh leata.

4. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) ullmhóidh sé dréacht-tuarascáil maidir leis na torthaí agus le moltaí lena dtabharfar aghaidh ar na heasnaimh a shainaithin a shaineolaithe le linn na rialuithe sin;

   (b) seolfaidh sé cóip den dréacht-tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (a) chuig an mBallstát ina ndearnadh na rialuithe sin chun barúlacha a fháil uaidh;

   (c) cuirfidh sé barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe (b) san áireamh agus an tuarascáil deiridh á hullmhú aige maidir le torthaí na rialuithe arna ndéanamh ag a shaineolaithe sna Ballstáit amhail dá bhforáiltear san Airteagal seo;

   (d) cuirfidh sé an tuarascáil deiridh dá dtagraítear i bpointe (c) agus barúlacha na mBallstát dá dtagraítear i bpointe (b) ar fáil go poiblí.

Airteagal 31

Cigireacht a dhéanamh ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30, nó comhlacht arna ainmniú ag an údarás, cigireacht ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil gach trí bliana, ag tosú ó dháta an chéad cheannaigh. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go bhfuil dóthain foirne, trealaimh agus acmhainní eile is gá chun cigireacht a dhéanamh ar an trealamh leata uile atá dlite le haghaidh cigireachta, laistigh den timthriall trí bliana.

2. Fíoróidh an chigireacht dá dtagraítear i mír 1 cé acu a chomhlíonann an trealamh leata in úsáid ghairmiúil na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó nach gcomhlíonann.

3. Déanfar an chigireacht in áit inar féidir an riosca truaillithe agus éillithe uisce a sheachaint. Déanfaidh an t-údarás nó an comhlacht a dhéanfaidh an chigireacht an tionchar a bheidh ag dálaí seachtracha ar in-atáirgtheacht thorthaí na cigireachta, amhail éifeachtaí gaoithe agus báistí, a íoslaghdú.

4. An trealamh uile is gá chun cigireacht a dhéanamh agus a úsáidfidh an cigire chun an trealamh leata a thástáil, beidh an trealamh sin cruinn, i ndea-bhail agus déanfar é a sheiceáil agus, i gcás inar gá, a chalabrú go tráthrialta.

5. Áiritheoidh úinéir an trealaimh leata in úsáid ghairmiúil go bhfuil an trealamh leata glan agus sábháilte sula gcuirfear tús leis an gcigireacht.

6. Maidir le torthaí gach cigireachta inar éirigh leis an trealamh leata in úsáid ghairmiúil, déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30 na torthaí sin a thaifeadadh sa chlár leictreonach lárnach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33.

7. Maidir le deimhniú cigireachta:

   (a) is é an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30 a eiseoidh an deimhniú chuig úinéir trealaimh leata in úsáid ghairmiúil i gcás ina gcomhlíonann an trealamh sin na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn IV; agus

   (b) is é an t-údarás inniúil sin a dhéanfaidh an deimhniú a thaifeadadh sa chlár leictreonach lárnach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33.

8. Beidh taifead amhail dá dtagraítear i mír 6 bailí ar feadh trí bliana mura ndéanann an Ballstát foráil maidir le heatramh cigireachta eile de bhun Airteagal 32.

9. Aithneoidh gach Ballstát deimhniú dá dtagraítear i mír 7 nó taifead dá dtagraítear i mír 6 maidir le trealamh leata in úsáid ghairmiúil a cláraíodh i mBallstát eile.

10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear an t-Airteagal seo agus Iarscríbhinn IV chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.

11. Trealamh leata in úsáid ghairmiúil a ndéantar cigireacht air i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le cigireacht chomhchuibhithe arna bhforbairt i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53], toimhdeofar go gcomhlíonann sé na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 32

Maoluithe na mBallstát maidir le cigireacht ar threalamh leata in úsáid ghairmiúil

1. Féadfaidh Ballstát, tar éis dó an measúnú riosca dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, ceanglais chigireachta nach bhfuil chomh dian céanna a leagan síos agus foráil a dhéanamh maidir le heatraimh chigireachta atá éagsúil leis na cinn sin a leagtar amach in Airteagal 31 maidir le trealamh leata in úsáid ghairmiúil ag a bhfuil scála an-íseal úsáide, de réir an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i mír 2, agus a liostaítear sa phlean gníomhaíochta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8.

   Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an trealamh leata seo a leanas in úsáid ghairmiúil:

   (a) trealamh spraeála atá suite ar thraenacha nó ar aerárthaí;

   (b) spraeirí cothrománacha búm atá níos mó ná 3 m, lena n-áirítear spraeirí atá suite ar threalamh cuir agus atá níos mó ná 3 m ar leithead;

   (c) spraeire ingearach nó spraeire soinneáin úlloird.

2. Sula leagfar síos ceanglais chigireachta nach bhfuil chomh dian céanna agus idirthréimhsí éagsúla cigireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Ballstát measúnú riosca ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. An t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30, coinneoidh sé cóip den mheasúnú riosca le haghaidh rialú ag an gCoimisiún.

3. Féadfaidh Ballstát trealamh leata úsáide láimhe nó spraeirí cnap, in úsáid ghairmiúil, a dhíolmhú ón gcigireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 bunaithe ar mheasúnú riosca ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, lena n-áireofar meastachán ar an scála úsáide. An t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30, coinneoidh sé cóip den mheasúnú riosca le haghaidh rialú ag an gCoimisiún.

4. Trealamh leata in úsáid ghairmiúil atá díolmhaithe ó chigireacht i gcomhréir le mír 3, ní bheidh sé faoi réir an cheanglais iontráil a dhéanamh sa chlár leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 29 nó sna ceanglais chlárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33.

---

[53] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

Airteagal 33

Clár leictreonach de threalamh leata in úsáid ghairmiúil

1. Gach údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát de bhun Airteagal 30, déanfaidh sé clár lárnach leictreonach a bhunú agus a choinneáil ar bun chun an méid seo a leanas a thaifeadadh:

   (a) faisnéis arna cur isteach ag tríú páirtithe de bhun Airteagal 20(2), pointe (b)(i), agus Airteagal 29;

   (b) taifid ar chigireachtaí agus ar dheimhnithe mar a leagtar amach in Airteagal 31(6) agus (7)(b);

   (c) faisnéis eile mar a leagtar amach i mír 2 maidir le trealamh leata in úsáid ghairmiúil ina Bhallstát nach bhfuil díolmhaithe ó chigireacht faoi Airteagal 32(3).

2. Tráth na cigireachta, déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 30 an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh:

   (a) ainm an chomhlachta a dhéanann na cigireachtaí;

   (b) uimhir aitheantais uathúil an trealaimh leata, má tá sé ar fáil;

   (c) an dáta monaraithe, má tá sé ar fáil;

   (d) ainm agus seoladh an úinéara reatha;

   (e) i gcás inar aistríodh úinéireacht, dáta gach aistrithe agus ainm agus seoladh na n-úinéirí roimhe sin le cúig bliana anuas;

   (f) méid an umair;

   (g) leithead an bhúm spraeála chothrománaigh, más infheidhme;

   (h) an cineál nó na cineálacha buinne atá ar an trealamh leata tráth na cigireachta;

   (i) i gcás spraeirí búm, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil rialú codanna agus/nó rialú buinní le teicneolaíocht logánaithe gheospásúil ar an trealamh leata;

   (j) i gcás trealamh atá níos sine ná trí bliana, dáta gach cigireachta arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 31;

   (k) cibé acu ar éirigh leis an trealamh leata i ngach cigireacht a rinneadh faoi Airteagal 31 nó ar theip air;

   (l) na cúiseanna a bhí le haon chigireacht nár éirigh léi.

3. I gcás nach bhfuil uimhir aitheantais uathúil dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), ar threalamh leata, is iad na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 30 a sholáthróidh uimhir aitheantais uathúil.

CAIBIDIL IX

MODHEOLAÍOCHT CHUN SPRIOCANNA LAGHDAITHE AGUS TÁSCAIRÍ RIOSCA COMHCHUIBHITHE A RÍOMH

Airteagal 34

Modheolaíocht chun an dul chun cinn a ríomh i dtreo bhaint amach an dá sprioc náisiúnta agus an dá sprioc de chuid an Aontais le haghaidh 2030

1. Leagtar síos in Iarscríbhinn I an mhodheolaíocht chun an dul chun cinn a ríomh i dtreo bhaint amach an dá sprioc laghdaithe de chuid an Aontais le haghaidh 2030 agus an dá sprioc laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 go dtí an bhliain 2030, agus an bhliain sin san áireamh. Beidh an mhodheolaíocht sin bunaithe ar shonraí staidrimh arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009.
2. Agus úsáid á baint aige as an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ríomhfaidh an Coimisiún go bliantúil na torthaí ar an dul chun cinn i dtreo bhaint amach an dá sprioc laghdaithe náisiúnta de chuid an Aontais le haghaidh 2030 go dtí 2030, agus an bhliain sin san áireamh, agus foilseoidh sé na torthaí sin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7.

Airteagal 35

Modheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe 1, 2 agus 2a a ríomh

1. Leagtar síos in Iarscríbhinn VI an mhodheolaíocht chun dul chun cinn a ríomh i ndáil le táscairí riosca comhchuibhithe 1, 2 agus 2a, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. Beidh an mhodheolaíocht sin bunaithe ar shonraí staidrimh arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009.
2. Agus úsáid á baint aige as an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, ríomhfaidh an Coimisiún go bliantúil torthaí tháscairí riosca comhchuibhithe 1, 2 agus 2a ar leibhéal an Aontais agus foilseoidh sé torthaí an ríomha sin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7.
3. Agus úsáid á baint acu as an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, ríomhfaidh gach Ballstát torthaí tháscairí riosca comhchuibhithe 1, 2 agus 2a ar bhonn bliantúil ar an leibhéal náisiúnta.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear an tAirteagal seo agus Iarscríbhinn VI chun dul chun cinn teicniúil, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le hinfhaighteacht sonraí staidrimh, agus forbairtí eolaíocha agus agranamaíocha a chur san áireamh. Féadfar leis na gníomhartha tarmligthe sin na táscairí riosca comhchuibhithe atá ann cheana a mhodhnú nó foráil a dhéanamh maidir le táscairí riosca comhchuibhithe nua, lena bhféadfar a chur san áireamh dul chun cinn na mBallstát i dtreo bhaint amach na sprice go mbeidh 25 % dá limistéar talmhaíochta atá in úsáid tiomnaithe don fheirmeoireacht orgánach faoi 2030 mar a thagraítear in Airteagal 8(1), pointe (d).

5. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí a bheith istigh ón dáta a tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm*], beidh meastóireacht ar tháscairí riosca comhchuibhithe 1, 2 agus 2a curtha i gcrích ag an gCoimisiún. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe ar thaighde eolaíoch [ón Airmheán Comhpháirteach Taighde] agus ar chomhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit, saineolaithe eolaíocha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht na modheolaíochtaí atá le húsáid chun táscairí riosca comhchuibhithe nua a fhoirmliú agus chun na táscairí riosca comhchuibhithe atá ann cheana a mhodhnú i gcomhréir le mír 4.

6. Agus torthaí na meastóireachta dá bhforáiltear i mír 5 á gcur san áireamh aige, déanfaidh an Coimisiún, má mheasann sé gurb iomchuí sin, tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis fhoilsiú na staitisticí maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht don chéad tréimhse tagartha dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán xxx/xxx [*tagairt don ghníomh glactha le cur isteach*], táscairí riosca comhchuibhithe nua a bhunú nó na táscairí riosca atá ann cheana a mhodhnú ar bhonn sonraí staidrimh a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 36

Meastóireacht na mBallstát ar ríomhanna maidir le dul chun cinn agus ar tháscairí riosca comhchuibhithe

1. Déanfaidh gach Ballstát meastóireacht ar thorthaí gach ríomha maidir le (a) an dul chun cinn i dtreo gach ceann den dá sprioc laghdaithe náisiúnta le haghaidh 2030 dá dtagraítear in Airteagal 34 a bhaint amach agus (b) táscairí riosca comhchuibhithe ar leibhéal na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 35, gach uair a dhéanfar na ríomhanna.

2. Maidir le meastóireachtaí ar na táscairí riosca comhchuibhithe ar leibhéal na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 35:

   (a) sainaithneofar iontu na cúig shubstaint ghníomhacha is suntasaí a imríonn tionchar ar an toradh;

   (b) sonrófar iontu na barra nó na cásanna agus na lotnaidí ar a n-úsáidtear na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (a);

   (c) sonrófar iontu na modhanna neamhcheimiceacha atá ar fáil chun na lotnaidí sin a chomhrac;

   (d) déanfar achoimre iontu ar na gníomhartha a glacadh chun úsáid agus riosca na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (a) a laghdú agus aon bhacainn ar rialuithe malartacha lotnaidí a ghlacadh.

3. Maidir le torthaí ríomhanna na dtáscairí riosca comhchuibhithe ar leibhéal na mBallstát, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI, agus na meastóireachtaí gaolmhara a dhéanfar de bhun an Airteagail seo, cuirfidh na Ballstáit an méid sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile agus foilseoidh siad an fhaisnéis sin agus táscairí náisiúnta eile nó cuspóirí inchainníochtaithe eile dá dtagraítear i mír 4 ar na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).

4. De bhreis ar na táscairí riosca comhchuibhithe a shonraítear in Iarscríbhinn VI agus na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh na Ballstáit freisin leanúint

d'úsáid a bhaint as táscairí náisiúnta nó as cuspóirí inchainníochtaithe atá ann cheana, nó táscairí náisiúnta nó cuspóirí inchainníochtaithe breise a fhorbairt, agus as sonraí eile a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear sonraí amach anseo maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí, ar sonraí iad a bhaineann leis na táscairí agus na spriocanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

CAIBIDIL X

FORÁLACHA RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS

Airteagal 37

Faisnéis faoi údaráis inniúla ainmnithe

Faoin … *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh sé mhí a bheith istigh ón dáta a tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm]*, beidh gach Ballstát tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 38

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 39

Táillí agus muirir

Féadfaidh na Ballstáit na costais a bhaineann le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Rialacháin seo a ghnóthú trí tháillí nó trí mhuirir.

CAIBIDIL XI

CUMHACHTAÍ THARMLIGTHE, AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

Airteagal 40

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 10(6), 13(9), 21(3), 25(10), 29(5), 31(10) agus 35(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10(6), 13(9), 21(3), 25(10), 29(5), 31(10) agus 35(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go comhuaineach.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 10(6), 13(9), 21(3), 25(10), 29(5), 31(10) agus 35(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 41

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54]. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

[54] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

CAIBIDIL XII

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 42

Meastóireacht ón gCoimisiún

1. Faoin … *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = seacht mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]*, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo bunaithe ar an méid seo a leanas:

   (a) na treochtaí maidir le dul chun cinn agus sonraí cainníochtúla eile a sholáthraítear i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 10(2);

   (b) an anailís ar na treochtaí bliantúla agus ar na sonraí bliantúla a fhoilsíonn an Coimisiún gach dhá bhliain i gcomhréir le hAirteagal 11;

   (c) an tuarascáil maidir le tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme a chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 11(7);

   (d) aon fhaisnéis eile is gá chun an mheastóireacht a ullmhú.

   Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.

2. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

Airteagal 43

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/2115

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leanas:

(1) in Airteagal 31(5), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo, más rud é, i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+] go bhforchuirtear ceanglais ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse dar críoch an dáta is déanaí den dá dháta seo a leanas – ... *[OP: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta theacht i*

[+] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad … agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

bhfeidhm an Rialacháin seo] nó 5 bliana ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas.

---

[*] Rialachán (AE)…/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (IO...).';

(2) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 70(3):

'De mhaolú ar phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo, más rud é, i gcomhréir le Rialachán (AE)…/…[++], go bhforchuirtear ceanglais ar thairbhithe, féadfar tacaíocht a dheonú chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse dar críoch an dáta is déanaí den dá dháta seo a leanas – ... *[OP: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* nó 5 bliana ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas';

(3) in Airteagal 73(5), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, más rud é, i gcomhréir le Rialachán (AE) …/… [++], go bhforchuirtear ceanglais ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse dar críoch an dáta is déanaí den dá dháta seo a leanas – ... *[OP: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]* nó 5 bliana ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas. '.

Airteagal 44

Treoir 2009/128/CE a aisghairm

1. Aisghairtear Treoir 2009/128/CE.
2. Déanfar na tagairtí do Threoir 2009/128/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

Airteagal 45

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

[++] IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ... .

Beidh feidhm aige ón … [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh … m(h)í a bheith istigh ón dáta a tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm]*.

Beidh feidhm ag Airteagal 21, áfach ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*